Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator










# Tuarascáil Bhliantúil 2023



# Dearbhú

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (‘an tAire’) agus do Thithe an Oireachtais i gcomhréir le halt 31AH den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. (‘an tAcht’).

Cathair na Gaillimhe



# Clár


**Liosta Acrainmneacha** 6

**2023: Sracfhéachaint** 7

**Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála** 8

**1 Cad a Dhéanaimid** 11

1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla 12

1.2 Ár Struchtúr 14

1.3 Ár Straitéis 15

**2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla** 17

2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla 18

2.2 Aighneachtaí OPR 25

2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh 31

2.4 Treoracha 33

2.5 Athbhreithnithe Breithiúnacha 38


2.6 Bainistíocht Sonraí Spásúla 38

**3. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála** 39

3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil 40

3.2 Moltaí Athbhreithniú an Bhoird Pleanála a Chur Chun Feidhme 45

3.3 Feidhmíocht Náisiúnta Pleanála – Faisnéis Mhíthreorach in Iarratais Phleanála 46

Cathair Chill Chainnigh


3.4 Láimhseáil Cásanna 47

3.5 Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna 51

3.6 Cás-Staidéir: Gearáin a d'Fhiosraigh OPR 54

**4. Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail 58**

4.1 Oideachas agus Oiliúint 59

4.2 Taighde 65

4.3 Feasacht an Phobail 71

**5 Gnóthaí Corparáideacha 73**

5.1 Rialachas 74

5.2 Ag Tógáil na hEagraíochta i gCónaí 77

5.3 Faisnéis Airgeadais 82

**Faisnéis faoin bhFoireann 84**




# Liosta Acrainmneacha

**ABP:** An Bord Pleanála

**CCMA:** An Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

**CDP:** Plean Forbartha Cathrach/Contae

**CSP:** Páipéar Cás-Staidéir

**DHLGH:** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**EMRA:** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

**EMT:** Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

**EPA:** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**ICCA:** Measúnú ar an Athrú Aeráide in Éirinn

**ICLRD:** An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach

**IPI:** Institiúid Pleanála na hÉireann

**LAP:** Plean Ceantair Áitiúil

**LASNTG:** Grúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil

**LGMA:** Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

**LRD:** Forbairt Chónaithe Mhórscála

**NWRA:** Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

**NTA:** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NPF:** An Creat Náisiúnta Pleanála

**OPR:** Oifig an Rialaitheora Pleanála

**OPW:** Oifig na nOibreacha Poiblí

**PEF:** An Fóram Meastóireachta Pleananna

**PSTG:** Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála

**RSES:** An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

**SRA:** Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**An tAcht:** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

**An tAire:** An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

# 2023: Sracfhéachaint

## Aighneachtaí maidir le hullmhú na bpleananna reachtúla

**64 aighneacht maidir leis an bplean reachtúil údaráis áitiúil a ullmhaíodh lenar cuimsíodh:**

**123** moladh agus **69** tuairim eisithe maidir le haighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla, lenar cuimsíodh:

**35** moladh agus **13** thuairim maidir le pleananna forbartha cathrach/contae;

**88** moladh agus **56** tuairim maidir le pleananna ceantair áitiúil

## Measúnú ar phleananna a glacadh

**22 measúnú ar phleananna reachtúla a glacadh, lenar cuimsíodh:**

**4** mholadh don Aire maidir le dréacht-treoracha beartaithe

**4** mholadh don Aire maidir le treoracha deiridh beartaithe

## Athbhreithnithe údaráis áitiúil

**2 phróiseas athbhreithnithe curtha i gcrích** *(Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí)*

**2 phróiseas athbhreithnithe tionscanta** *(Comhairle Chontae na Mí agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas)*

## Láimhseáil cásanna

**740** comhfhreagras aonair ó chustaiméirí próiseáilte

**148** cás oscailte

**36** réamhscrúdú déanta

**9** ngearán ar seasadh leo

## Gníomhaíocht Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail

**199** comhalta tofa na n-údarás áitiúil a d'fhreastail ar dhá imeacht oiliúna ar an láthair

**838** ball foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh oiliúint in 2023

**2** leagan den fheasachán nua dlí 'Learning from Litigation' foilsithe

bileog phleanála 16 – 'Forbairt Chónaithe Mhórscála' – foilsithe



Niall Cussen, An Rialaitheoir Pleanála

# Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála

**Déanann Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) formhaoirsiú agus tugann sí tacaíocht don obair a dhéanann an 31 údarás áitiúil agus an Bord Pleanála i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna pleanála reachtúla. Tá súil againn go mbeidh neart eolais sa tuarascáil seo duit maidir lenár gcuid oibre in 2023 agus go gcuideoidh sí leat.**

Tá Éire fós ag tairbhiú den fheidhmíocht láidir eacnamaíoch sa tír, agus ag an am céanna ní mór di aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha sa tsochaí agus ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, i réimsí maidir le seachadadh tithíochta agus gníomh ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta. Ní haon ionadh é mar sin go mbíonn ár bpróiseas pleanála i mbéal na ndaoine go minic. Is próiseas beartais phoiblí í an phleanáil agus go leor á cheapadh de agus is rud é a ndéantar maoirseacht neamhspleách air go minic mar gheall ar chomh tábhachtach agus atá sé dúinn go léir.

Tá trí ghné ag baint lenár gcuid oibre, ón meastóireacht a dhéanaimid ar phleananna reachtúla na n-údarás áitiúil; na hathbhreithnithe ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann na húdaráis chun a bhfeidhmeanna pleanála a chur i gcrích; agus an taighde agus an oiliúint a bhíonn ar bun againn chomh maith le feasacht an phobail a mhéadú ar na buntáistí a bhaineann le pleanáil chuí.

Ba é 2023 an cúigiú bliain ó bunaíodh muid agus chonacthas roinnt athruithe ar an gcineál oibre a dhéanaimid. Maidir leis an maoirseacht a dhéanaimid ar ullmhú phleananna forbartha na n-údarás áitiúil, athraíodh an bhéim ó athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna forbartha straitéiseacha cathrach agus contae a thug go leor de na húdaráis áitiúla cothrom le dáta roimhe seo, go dtí pleananna ceantair áitiúil agus leaganacha éagsúla de phleananna.

Chuireamar tús an athuair lenár gclár athbhreithnithe ar údaráis áitiúla, rud nach rabhthas a dhéanamh ina iomláine ó 2022. Leis sin bhíomar in ann scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar réimsí imní a tháinig chun cinn sa Bhord Pleanála, agus chuireamar dhá thuarascáil i gcrích maidir leis an tsaincheist sin.

Rinneamar forbairt ar obair roimhe seo ar chlár cuimsitheach oiliúna a chur ar fáil do chomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil. Athraíodh an bhéim le linn 2023 i dtreo oiliúint a chur ar an bhfoireann agus an straitéis foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm i gcúrsaí pleanála.

## Maoirseacht ar Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Ceann dár bpríomhchúraimí is ea maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann pleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus na pleananna ceantair áitiúil le chéile ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Bíonn na pleananna sin de dhíth freisin de réir dlí chun a bheith in oiriúint do chuspóirí pleanála náisiúnta agus réigiúnacha i gcoitinne, arna leagan síos ag an Rialtas, ina ndírítear ar thacaíocht a thabhairt d’fhorbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe, ar sholáthar caoithiúil agus comhordaithe bonneagair fhisicigh agus pobail, agus limistéir ina bhfuil baol tuilte á seachaint.

Ar ndóigh is obair chasta agus íogair í an obair a dhéanaimid ar mheastóireacht ar phleananna ceantair áitiúil agus ar leaganacha éagsúla de phleananna. Sin mar gheall ar a gcuspóirí agus ar a mbeartais a bhaineann go sonrach le suíomh, i gcomparáid leis na pleananna cathrach agus contae.

Rinne ár bhFoireann Meastóireachta Pleananna maoirseacht ar 22 próiseas pleanála reachtúil a rabhthas ag gabháil dóibh, ar trí phlean contae, ar sé leagan de phleananna agus ar 13 phlean ceantair áitiúil, agus chomhlíon a bhformhór mór na ceanglais straitéiseacha dlíthiúla agus beartais. Chun é sin a chinntiú, rinneamar 123 moladh reachtúil agus thugamar 69 tuairim comhairleach ar nithe a bhí i bpleananna den sórt sin. Ina measc sin bhí nithe maidir lena straitéis fhoriomlán, rud lenar cinntíodh patrún forbartha dlúth agus inmharthana agus dea-bhainistíocht comhshaoil.

Táimid ag feiceáil níos mó agus níos mó fianaise de phleananna á ndéanamh níos fearr, rud a bhaineann go díreach le soiléire cheanglais beartais straitéiseacha an Rialtais agus ár róil maoirseachta.

Mar a shainordaítear i gcóras pleanála na hÉireann, tá sé de chumhacht againn moladh don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go n-eiseofaí treoracha d'údaráis áitiúla a gcuid pleananna forbartha a athrú i gcás ina bhfuil sáruithe suntasacha á ndéanamh ar cheanglais beartais straitéiseacha. Rinneadh ceithre mholadh den sórt sin in 2023; bhain dhá cheann díobh le pleananna forbartha (Fine Gall agus an Clár) agus bhain an dá cheann eile le pleananna ceantair áitiúil (Leitir Ceanainn agus Caisleán an Bharraigh). Ba threocht anuas a bhí ansin ó bhlianta roimhe.

Le linn dúinn measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha na n-údarás áitiúil, is maith a thuigimid go bhfuil eolas agus dearcadh na háite ag na comhaltaí tofa agus go rannchuidíonn sé sin leo ina bhfeidhmeanna reachtúla i mbun déanamh pleananna. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil na pleananna comhsheasmhach leis na cuspóirí agus na beartais phleanála níos leithne atá leagtha amach ag an Rialtas ar mhaithe lenár leasanna uile, is é an ról atá againn ansin seasamh isteach agus a chinntiú go bhfuil an próiseas pleanála comhsheasmhach.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht Fheidhmeanna Pleanála na nÚdarás Áitiúil

Déanaimid athbhreithnithe tréimhsiúla ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann an 31 údarás áitiúil agus an Bord Pleanála chun a gcuid feidhmeanna pleanála reachtúla a sheachadadh. Tá ár gcur chuige agus ár n-eitic maidir le hathbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh dírithe go príomha ar sheirbhísí a fheabhsú, agus ar mhalartú foghlama agus eolais.

In 2023, rinneamar athbhreithnithe ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí, agus thionscnaíomar athbhreithnithe ar Chomhairlí Contae na Mí agus Átha Cliath Theas.

In éineacht leis sin, i gcomhthéacs na monatóireachta a dhéanaimid ar chur i bhfeidhm athbhreithnithe roimhe seo, d'oibríomar leis na húdaráis áitiúla ábhartha (Tiobraid Árann, Lú, Cathair na Gaillimhe agus Cill Dara) maidir le dul chun cinn gach sé mhí.

Tá éifeacht an-dearfach tríd is tríd ag athbhreithnithe den sórt sin ó thaobh aird a tharraingt ar fheidhmíocht éifeachtach agus ar réimsí óna dteastaíonn infheistíocht, athchóiriú an chórais agus feabhas ar sheirbhísí.

Rinneadh obair mhór in 2023 chun monatóireacht a dhéanamh ar mar a chuir an Bord Pleanála an próiseas athbhreithnithe a chuireamar i gcrích in 2022 i bhfeidhm, lena n-áirítear an acmhainneacht a chur ar ais (15 chomhalta anois i gcomparáid le cúigear nuair a rinneadh an t-athbhreithniú), ar Chód nua Iompair agus ar aonad dlíthiúil inmheánach agus rinneadh líon mór earcaíochta freisin chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní againn mar is cuí.

Cé go ndearnadh dul chun cinn mór in 2023 maidir le cur i bhfeidhm forchéimnitheach na moltaí ón athbhreithniú a rinne An Bord Pleanála, beidh cur i bhfeidhm leanúnach ag brath ar dhul chun cinn an Bhille um Pleanáil agus Forbairt 2023, agus muid dírithe ag an am céanna ar dhul i ngleic leis an riaráiste mór comhad pleanála.

I dtéarmaí fiosruithe agus gearáin ón bpobal a láimhseáil, in 2023, d'osclaíomar 148 cás aonair. Cé gur laghdaigh an líon cásanna a osclaíodh ón mbliain roimhe sin, tháinig méadú ó 19 go dtí 36 ar líon na scrúduithe a rinneadh. In 2023, seasadh le naoi gcinn de na gearáin sin agus eisíodh moltaí iomchuí maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí.

## Taighde, Oiliúint agus Feasacht an Phobail

Bliain ghnóthach eile a bhí in 2023 dúinn chun an bonn eolais agus an bonn feasachta pleanála a fhorbairt. Tá gá leis sin mar gheall ar an bpleanáil a bheith ag éirí níos casta in iarracht dul i ngleic le saincheisteanna dúshlánacha.

Thar raon imeachtaí oiliúna pearsanta agus ar líne do chomhaltaí tofa agus don fhoireann, labhraíomar nó nascamar le go maith os cionn 800 den 1,550 ball foirne sna húdaráis áitiúla ag imeachtaí oiliúna. Chomh maith leis sin, d'fhreastail 199 comhairleoir ar ár dhá n-imeacht go pearsanta agus bhí roinnt mhaith eile i láthair ar líne. Is imeachtaí agus acmhainní iad sin a mbíonn an-tóir ag daoine orthu agus rudaí ar féidir leis na comhaltaí tofa, leis an bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara níos leithne fáil a bheith acu orthu go héasca agus saor in aisce ar líne ina dhiaidh sin.

Le linn 2023 sheolamar ár bhfeasachán nua dlí freisin. Bhí dlíthíocht i gcúrsaí pleanála an-choitianta le blianta beaga anuas. Ba é an teachtaireacht láidir a tháinig ón suirbhé foghlama agus forbartha in 2022 ná an gá atá le hanailís inrochtana agus ghonta ar phríomhchásanna dlíthiúla chun tacú leis an earnáil pleanála i gcoitinne a bheith ar an eolas, a bheith lúfar agus freagrúil do rudaí nua atáthar a fhoghlaim ón dlíthíocht.

Leanamar ag déanamh taighde lenár gclár taighde maidir le pleanáil straitéiseach. Tá tograí taighde nua againn, mar shampla ár gcéad sraith de thuairiscí taighde ar conas dul i ngleic le bacainní ar ghníomhachtú talún athfhorbraíochta, agus nóta cleachtais faoi na húsáidí talún a bhaineann le fostaíocht.

D'oibríomar freisin chun go mbeadh níos mó daoine ag tabhairt faoi ghairmeacha beatha i gcúrsaí pleanála toisc go bhfuil cuid mhaith ganntanas foirne ag cur isteach ar go leor de na húdaráis áitiúla faoi láthair.

Ina theannta sin uilig, leathnaíomar ár mbileoga eolais ina bhfuil faisnéis faoi phleanáil, ar bileoga saor in aisce iad a mbíonn an-tóir orthu. Tharla sé sin ag an am céanna ar tugadh córas toilithe d'Fhorbairt Chónaithe Mhórscála isteach le haghaidh forbairtí tithíochta níos mó.

## Feidhmiú Corparáideach


Bíonn ár n-obair uile i mbliain ar bith ag brath go mór ar chur chuige éifeachtach, dea-rite agus láidir maidir lenár bhfeidhmiú corparáideach. Feidhmíonn OPR dianchórais seiceálacha agus rialuithe inmheánacha agus seachtracha araon, de réir mar a éilítear lenár seasamh laistigh den phróiseas pleanála foriomlán.

Leanaimid ag baint tairbhe as rialuithe den sórt sin chun ár mbuiséad a bhainistiú go héifeachtach agus go stuama agus chun cultúr corparáideach a choinneáil ar bun, cultúr an-oscailte, forchéimnitheach agus tiomáinte ag luachanna.

Ach an oiread le cuid mhaith eagraíochtaí, dúshlán mór dúinn in 2023 ab ea an fhoireann a mbíonn ár bhfeidhmeanna ag brath go criticiúil orthu a aimsiú agus a choinneáil. Ba rud tábhachtach dúinn an cháil mhór atá orainn sa mhargadh saothair mar eagraíocht fhorchéimnitheach, áit ina bhfuil luach ag an bhfoireann ar an obair in éineacht le cur i bhfeidhm ár bplean straitéisigh don fhórsa oibre le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH).

## Conclúidí

D'fhás an fuinneamh inár gcuid oibre go mór in 2023, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann féin ar dtús mar gheall air sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Rialtas, an tAire Darragh O'Brien TD agus leis an iar-Aire Stáit, Kieran O'Donnell TD, leis an Aire Stáit atá ann anois, Alan Dillon TD agus lena bhfoireann uile sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta. Bhí a gcuid tacaíochta ríthábhachtach chun cur ar chumas OPR an obair thábhachtach atá ar bun againn a dhéanamh, is é sin feabhas a chur ar phróiseas pleanála na hÉireann agus ar an muinín atá ag an bpobal as an bpróiseas sin.



**Niall Cussen**
*An Rialaitheoir Pleanála*



Cionn tSáile, Co. Chorcaí

# 1 Cad a Dhéanaimid

- Ár bhFreagrachtaí Reachtúla
- Luachanna
- Páirtithe Leasmhara
- Spriocanna



**Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin ar Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála (Binse Fiosraithe Mahon).**

Ceann de phríomh-mholtaí Bhinse Mahon ba ea Rialaitheoir Pleanála neamhspleách a cheapadh, a mbeadh an chumhacht acu maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn.

Cé nach comhlacht déanamh beartas é, is é ról OPR a chinntiú go dtacaíonn údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála le ceanglais beartais agus ceanglais reachtúla an Rialtais agus iad ag cur na gceanglas beartais agus na gceanglas reachtúil pleanála i bhfeidhm.

Cuimsíonn ról OPR freisin forbairt agus cur i bhfeidhm clár cuimsitheach taighde pleanála, oiliúna agus feasachta poiblí chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a chur chun cinn agus chun cur le heolas an phobail faoin bpleanáil in Éirinn.

## 1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla

Tugann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú ('an tAcht') bonn reachtúil do OPR chun trí phríomhfheidhm a chomhlíonadh:

### i. Meastóireacht ar Phleananna Reachtúla

I gcomhréir le hailt 31AM agus 31AO den Acht, tá OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach réamhphleanáil reachtúil d'fhonn a chinntiú go ndéantar foráil sa phlean do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.

Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha cathrach agus contae, pleananna ceantair áitiúil agus athruithe/leasuithe ar na pleananna seo.

Ar an gcéad dul síos, tugann OPR tuairimí agus/nó moltaí don údarás áitiúil ábhartha maidir le conas ba cheart aghaidh a thabhairt ar chúrsaí reachtaíochta agus beartais i bplean.

Nuair a bheidh ionchuir reachtúla curtha ar fáil ag OPR don phróiseas déanta pleananna, ní mór don údarás áitiúil ábhartha a leagan amach conas a thabharfar aghaidh ar ionchuir den sórt sin, agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair á gcur san áireamh.

Mura bhfuil plean a glacadh ag teacht le haon mholtaí reachtúla ina dhiaidh sin, féadfaidh OPR fógra a eisiúint chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag moladh go n-úsáidfí cumhachtaí treorach, a shonraítear faoi alt 31 den Acht, chun iallach a chur ar an údarás pleanála aghaidh a thabhairt ar an gceist.

### ii. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála


De réir ailt 31AS agus 31AT den Acht, féadfaidh OPR athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna pleanála d'fhonn moltaí neamhspleácha, bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, lena n-áirítear moltaí a chur faoi bhráid an Aire más gá.

Faoi alt 31AU den Acht, féadfaidh OPR gearáin ón bpobal a fháil agus a scrúdú, nó má iarrann an tAire é, faoi údarás áitiúil i gcás ina mbaineann an gearán le heagrú an údaráis áitiúil agus na gcóras agus nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích faoin Acht.

### iii. Oideachas, Oiliúint agus Taighde

I gcomhréir le halt 31Q den Acht, tá OPR freagrach as taighde, oideachas agus oiliúint náisiúnta a thiomáint chun aird a tharraingt ar ról agus ar thairbhe na dea-phleanála. Cuirimid cláir oideachais agus oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach araon.

Cuidíonn an fheidhm oideachais, oiliúna agus taighde chun uasmhéadú a dhéanamh ar aistriú eolais idir an 31 údarás áitiúil, trí thionól réigiúnacha, an Bord Pleanála agus páirtithe leasmhara níos leithne amhail comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa agus, ar an gcaoi sin, uasmhéadaítear éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht ar fud an chórais pleanála.




**Fíor 1** | Trí Phríomhfheidhm OPR



## 1.2 Ár Struchtúr

Tá OPR struchtúrtha i gceithre fhoireann, ag teacht leis na trí fheidhm reachtúla.



**AN RIALAITHEOIR PLEANÁLA**

| An Stiúrthóir Athbhreithnithe Pleanála | An Leas-Rialaitheoir Pleanála agus an Stiúrthóir ar Mheastóireachtaí Pleananna | Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail | An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara |
| Athbhreithnithe ar na húdaráis phleanála | Measúnú ar phleananna reachtúla | Oideachas pleanála | Bainistíocht airgeadais |
| Scrúduithe ar fheidhmíocht pleanála | Modheolaíocht um mheasúnú | Oiliúint agus imeachtaí | Soláthar |
| Gearáin a bhaineann le pleanáil a phróiseáil | Anailís ar bheartas | Cláir um fheasacht an phobail | Acmhainní daonna |
| Tacaíocht taighde | Tacaíocht taighde | Clár taighde | Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide |
| Seirbhís do chustaiméirí | Pleanáil dhigiteach/ GIS | Cumarsáid OPR | Rialachas agus dlí |
| | | | Sláinte agus sábháilteacht |
| | | | Saoráidí |

**Fíor 2** | Struchtúr Corparáideach agus Mapa Feidhmeanna OPR

## 1.3 Ár Straitéis

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise OPR na spriocanna ardleibhéil, na gníomhaíochtaí agus na garspriocanna atá ag teastáil chun feidhmeanna reachtúla OPR a chur i gcrích. Tá an straitéis ar fáil ar shuíomh gréasáin OPR.[1]



**FÍS**

Is é fís OPR, faoi dheireadh thréimhse an Ráitis Straitéise, go mbeidh OPR in ann an méid seo a rá:

***Baineann Éire leas as ordlathas pleanála dea-chomhordaithe agus go bhfuil clár oideachais, oiliúna agus taighde ar chúrsaí pleanála atá leathan, éifeachtach agus a bhfuil glacadh maith leis curtha i bhfeidhm agus go gcruthófar cultúr feabhsúcháin leanúnaigh in údaráis phleanála arna dtiomáint trí athbhreithnithe rialta ar a bhfeidhmíocht.***

**ÁR LUACHANNA**

- **NEAMHSPLEÁCHAS**
- **GAIRMIÚLACHT**
- **TRÉDHEARCACHT**
- **RANNPHÁIRTÍOCHT**
- **FÓCAS AR CHUSTAIMÉIRÍ**

**Fíor 3** | Fís agus Luachanna OPR

[1] https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2020/08/ORP-Raiteas-Straiteise-2019-2024.pdf

## Príomhpháirtithe Leasmhara

Príomhluach é rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus rud é atá riachtanach chun fís OPR a bhaint amach. Cinntíonn OPR go gcuirtear ionchuir cuid mhór páirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála san áireamh, ag léiriú leasanna na ndreamanna seo a leanas:

- An pobal;
- An tAire;
- Údaráis áitiúla, an Bord Pleanála, tionóil réigiúnacha, agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA);
- Comhlachtaí gaolmhara rialála agus maoirseachta a bhfuil sainordú acu sa réimse pleanála;
- An tOireachtas;
- Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil;
- Gníomhaireachtaí stáit agus comhairlithe eile a bhfuil sainchúram reachtúil orthu sa phróiseas pleanála;
- Comhlachtaí tráchtála agus Státurraithe a bhfuil baint acu le bonneagar straitéiseach a sheachadadh;
- Comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa;
- Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais; agus
- Tráchtairí saineolaithe agus na meáin.

## Spriocanna

Sainaithnítear sa straitéis freisin cúig phríomhsprioc agus gníomhartha seachadta comhfhreagracha do OPR i rith thréimhse an Ráitis Straitéise.


**Sprioc 1:** Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú.

**Sprioc 2:** An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh siúd ar fad atá ina bpáirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála.

**Sprioc 3:** Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn OPR i dteagmháil leo.

**Sprioc 4:** Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisíonn agus a fheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann.

**Sprioc 5:** Eagraíocht sheasmhach shofhreagrúil a chruthú atá tugtha don fhoghlaim leanúnach.



Inis, Co. an Chláir

# 2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

- Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla
- Aighneachtaí OPR
- Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh
- Treoracha
- Athbhreithnithe Breithiúnacha
- Bainistíocht Sonraí Spásúla



## 2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

I gcomhréir le hailt 31AM agus 31AO den Acht, tá freagracht ar OPR as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach plean reachtúil d'fhonn a chinntiú go ndéantar foráil sa phlean do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

Cinntíonn na measúnuithe seo go bhfuil beartais rialtais ábhartha á gcur i bhfeidhm agus go léirítear saincheisteanna mar athbheochan uirbeach, criosú talún, iompar, tithíocht, fostaíocht, athrú aeráide agus inbhuanaitheacht lár an bhaile sna pleananna forbartha. Dá bhrí sin, is féidir lenár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus a bheith ina n-áiteanna bríomhara le maireachtáil agus le hoibriú iontu.

Tá dhá chineál plean ann a ndéanann OPR measúnú orthu:

- **Pleananna forbartha cathrach/contae (CDPanna):** ina leagtar amach an chroístraitéis fhoriomlán agus sainchuspóirí maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach nó an chontae, agus
- **Pleananna ceantair áitiúil (LAPanna):** ina soláthraítear creatlach bheartais phleanála atá níos mionsonraithe agus atá dírithe go háitiúil.

Ina theannta sin, ní mór do OPR aon athruithe beartaithe ar phleananna forbartha cathrach/ contae atá ann cheana, nó leasuithe ar LAPanna, a mheas.

Le linn don phlean a bheith á athbhreithniú agus á ullmhú, déanann OPR athbhreithniú agus meastóireacht ar ábhar an phlean. Déanann OPR measúnú freisin ar an bplean deiridh a ghlactar. I dtéarmaí an ionchuir ó OPR, tá ceithre phríomhchéim i gceist leis an bpróiseas chun an plean a dhéanamh:

- **Céim an pháipéir saincheisteanna (PS):** tarlaíonn sé roimh dhréachtú an phlean, agus cuidíonn sé le heolas a chur ar fáil d'ullmhú an dréachtphlean cathrach nó contae, nó an dréachtphlean ceantair áitiúil. Bíonn comhairliúchán poiblí ar bun ag an gcéim seo, agus déanann OPR athbhreithniú ar an bpáipéar saincheisteanna lena linn agus ullmhaíonn sé barúlacha ardleibhéil. Níl an chéim sin riachtanach ach amháin i gcás pleananna forbartha cathrach agus contae, ach d'fhéadfaí í a dhéanamh freisin le haghaidh pleananna ceantair áitiúil.
- **Céim an dréachtphlean (DP):** ullmhaítear an dréachtphlean don chathair, don chontae nó don cheantar áitiúil cuí le haghaidh comhairliúchán poiblí. Déanann OPR athbhreithniú ar an dréachtphlean agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon ghné den dréachtphlean. Teastaíonn an chéim sin beag beann ar an gcineál plean atá i gceist.
- **Céim na n-athruithe ábhartha (AÁ):** tarlaíonn sé nuair a roghnaíonn comhaltaí tofa athrú ábhartha a dhéanamh ar an dréachtphlean. Bíonn comhairliúchán poiblí ann ar na hathruithe ábhartha a bheartaítear, agus féadfaidh OPR moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon athruithe ábhartha a rinneadh. Ní theastaíonn an chéim sin le haghaidh na bpleananna uile.
- **Plean a glacadh (PG):** ag deireadh an phróisis déanann comhaltaí tofa an údaráis áitiúil ábhartha an plean. Déanann OPR measúnú ar an bplean a glacadh agus breithníonn sé cé acu ar tugadh nó nár tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinne OPR sa phlean a glacadh. Tá tuilleadh sonraí faoin gcéim sin i roinn 2.3.

### Measúnú OPR ar Phleananna Forbartha Cathrach/Contae (CDPanna)

Tá 31 CDP ar an iomlán ann, a léiríonn na limistéir le haghaidh an 31 údarás áitiúil. Roimh 2023, glacadh 25 den 31 CDP.

As na sé CDP a bhí fágtha, tharla an comhairliúchán maidir leis na páipéir saincheisteanna le haghaidh Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031; bhí na comhairliúcháin don dréachtphlean ar siúl le haghaidh Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030 agus le haghaidh Phlean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030; agus bhí céim na n-athruithe ábhartha ar bun maidir le Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029. Beidh an chéad chéim eile le haghaidh gach ceann de na pleananna sin ar siúl in 2024.

**Tábla 1** | Pleananna Forbartha Cathrach/Contae a Bhreithnigh OPR in 2023, de réir na gCéimeanna

| Ainm an Phlean | Páipéar Saincheisteanna | Dréachtphlean | Athruithe Ábhartha | Glacadh le Plean |
|---|---|---|---|---|
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | - | - | ● | ● |
| **Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030** | - | ● | - | - |
| **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** | - | - | - | ● |
| **Plean Forbartha Contae Liatroma 2023-2029** | - | - | - | ● |
| **Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031** | ● | - | - | - |
| **Plean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030** | - | ● | - | - |

Glacadh le trí CDP in 2023: Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 agus Plean Forbartha Contae Liatroma 2023-2029. Pléitear an toradh a bhí leis an nglacadh sin tuilleadh i roinn 2.3.

Tugtar léargas i dtábla 1 ar na céimeanna do na CDPanna a bhreithnigh OPR in 2023.

## Athruithe ar CDPanna

Bhreithnigh OPR deich n-athrú beartaithe ar CDPanna atá ann cheana freisin:

- ceithre athrú beartaithe ar Phlean Forbartha Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022-2028;
- athrú amháin beartaithe ar gach ceann de na pleananna forbartha seo a leanas:
  - Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024,[2]
  - Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027,
  - Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028,
  - Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2019-2025
  - Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028;
- agus na hathruithe ábhartha ar athrú beartaithe ar Phlean Forbartha Cathrach Chorcaí 2022-2028.

Glacadh le sé cinn de na hathruithe a beartaítear in 2023. Déantar iniúchadh breise i roinn 2.3 ar an toradh a bhí ar mheasúnú OPR. Bhí an próiseas athbhreithnithe ag leanúint ar aghaidh le haghaidh na gceithre athrú bheartaithe eile.

Ina theannta sin, cuireadh síneadh ar Phlean Forbartha Contae Shligigh 2017-2023, trí bhíthin athraithe, de bhreis ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2021 (Uimh. 18 de 2021).

Ligeann an Leasú d'údaráis áitiúla síneadh suas le haon bhliain amháin a iarraidh ar phróiseas athbhreithnithe an phlean forbartha mar gheall ar chomh mór agus a chuir COVID-19 isteach air. Éilíodh ar aon údarás áitiúil a bhí ag iarraidh síneadh a lorg a rún a chur in iúl do OPR fad an phlean forbartha a bhí ann cheana a shíneadh, an tionchar comhshaoil a mheasúnú, tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí, agus tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú maidir le haighneachtaí a fuarthas.

Thacaigh OPR leis an iarraidh chun síneadh a chur le Plean Forbartha Contae Shligigh 2017-2023 go dtí mí Iúil 2024 agus an tréimhse ama don athbhreithniú agus chun an plean nua a dhéanamh a shíneadh freisin.

[2] Bhí meastóireacht OPR ar an athrú beartaithe ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 fós ag leanúint ar aghaidh ag deireadh 2023.

## Measúnú OPR ar Phleananna Ceantair Áitiúil (LAPanna)

Leagtar amach cuspóirí in LAPanna le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ceantar sonrach. Ní mór do LAPanna a bheith comhsheasmhach leis na CDPanna a ghabhann leo. Tar éis an CDP ábhartha a chur i gcrích, thosaigh go leor de na húdaráis áitiúla ag ullmhú LAPanna. I gcás ina bhfuil an ceantar atá faoi réir LAP suite laistigh de cheantar feidhmiúil níos mó ná údarás áitiúil amháin, ansin féadfaidh na húdaráis lena mbaineann oibriú le chéile ar an athbhreithniú agus/nó ullmhúchán ar LAP comhpháirteach.

In 2023, tharla céim amháin ar a laghad in ullmhú 43 LAP.

Tugtar léargas i dtábla 2 ar na céimeanna a tharla in 2023 le haghaidh na LAPanna a bhreithnigh OPR in 2023.

**Tábla 2** | Pleananna Ceantair Áitiúil a Bhreithnigh OPR in 2023, de réir Céimeanna[3]

| Údarás Áitiúil | Ainm an Phlean Ceantair Áitiúil | Páipéar Saincheisteanna | Dréachtphlean | Athruithe Ábhartha | Glacadh le Plean |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhairlí Contae Cheatharlach agus Laoise** | Plean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige 2024-2030* | - | ● | - | - |
| **Comhairle Contae an Chláir** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Shionainne 2024-2030 | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae Dhún na nGall** | Plean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Bogáin | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | Plean Ceantair Áitiúil Sheanchonach | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Droma 2023 | - | ● | - | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chill Tiarnáin-Ghleann na Muc 2024 | ● | - | - | - |
| **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2024-2030 | - | ● | ● | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030* | - | ● | - | - |
| **Comhairle Contae Chiarraí** | Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Chill Airne 2023-2029 | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Thrá Lí 2023-2029 | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Lios Tuathail 2023-2029 | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach an Neidín 2024-2030 | - | ● | - | - |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Dara 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil an Droichid Nua 2025-2031 | ● | - | - | - |
| **Comhairlí Contae Laoise agus Uíbh Fhailí** | Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chúil an tSúdaire 2024-2030 | ● | - | - | - |

[3] Léirítear sa tábla sin na céimeanna a tharla le haghaidh gach ceann de na pleananna liostaithe le linn 2023. I gcás ina raibh meastóireacht agus measúnú fós á ndéanamh ar an bplean ag deireadh 2023, tugtar é sin le fios le réiltín.

| Údarás Áitiúil | Ainm an Phlean Ceantair Áitiúil | Páipéar Saincheisteanna | Dréachtphlean | Athruithe Ábhartha | Glacadh le Plean |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhairlí Contae Liatroma agus Ros Comáin** | Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chora Droma Rúisc | ● | - | - | - |
| **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh** | Plean Ceantair Áitiúil Mhainistir na Féile 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Áth Dara 2024-2030* | ● | ● | ● | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chathair Chinn Lis 2023-2029 | - | - | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chaisleán Uí Chonaill 2023-2029 | - | - | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua Thiar 2023-2029* | ● | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Thobar Phádraig 2024-2030* | ● | ● | ● | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Ráth Caola 2023-2029 | - | - | - | ● |
| **Comhairle Contae Lú** | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae Mhaigh Eo** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Chaisleán an Bharraigh 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chathair na Mart 2023-2029 | - | ● | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Bhéal an Átha 2024-2030* | - | ● | - | - |
| **Comhairle Contae Uíbh Fhailí** | Plean Ceantair Áitiúil Bhiorra 2023-2029 | - | - | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Éadan Doire 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| **Comhairle Contae Ros Comáin** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin 2024-2030* | - | ● | - | - |
| **Comhairle Contae Thiobraid Árann** | Plean Ceantair Áitiúil Chluain Meala 2024-2030 | - | ● | ● | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil an Aonaigh 2024-2030 | - | ● | ● | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Ros Cré 2023-2029 | - | ● | ● | ● |
| | Plean Ceantair Áitiúil Dhurlais 2024-2030 | - | ● | ● | - |
| **Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge** | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Garbhán agus Bhaile an Rodaigh 2023-2029 | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil Thrá Mhór 2023-2029 | ● | - | - | - |
| **Comhairlí Contae na hIarmhí agus Ros Comáin** | Plean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Bhaile Átha Luain 2024-2030* | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae na hIarmhí** | Plean Ceantair Áitiúil an Mhuilinn Chearr 2024-2030 | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae Loch Garman** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Loch Garman 2024-2030 | ● | - | - | - |
| **Comhairle Contae Chill Mhantáin** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Mhantáin-Ráth Naoi | ● | - | - | - |
| | Plean Ceantair Áitiúil na gCloch Liath-Dheilgne agus Chill Chomhghaill* | ● | - | - | - |

## Leasuithe ar LAPanna

Anuas air sin, beartaíodh leasú amháin ar Phlean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020-2023." Chuig "Anuas air sin, beartaíodh leasú amháin ar Phlean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020-2023 (mar ar síníodh chuig 2026 é).

## Rannpháirtíocht OPR le Páirtithe Leasmhara chun Tacaíocht a Thabhairt don Mheasúnú ar Phleananna

Bíonn OPR i dteagmháil le húdaráis áitiúla i gcaitheamh phróiseas déanta an phlean. Leis an rannpháirtíocht sin bíonn OPR in ann nithe tábhachtacha a bhaineann le plean beartaithe a phlé, agus faisnéis bhreise a sholáthar, amhail nuashonruithe beartais, a d'fhéadfadh tacú le hobair an údaráis áitiúil le linn phróiseas déanta an phlean. In 2023, bhuail OPR le naoi n-údarás áitiúla faoi athbhreithniú agus ullmhú pleananna reachtúla.


Bíonn OPR i dteagmháil freisin leis na trí thionól réigiúnacha maidir le CDPanna agus LAPanna: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Bíonn na tionóil réigiúnacha freagrach as tacú le pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe, agus déanann gach ceann de na trí thionól réigiúnacha ionadaíocht ar na húdaráis áitiúla ina limistéar réigiúnach. Le linn 2023, bhuail OPR le gach ceann de na tionóil réigiúnacha.

Tacaíonn an Fóram Meastóireachta Pleananna (PEF) le rannpháirtíocht leanúnach idir OPR agus comhlachtaí forordaithe i dtaca leis an bpróiseas déanta pleananna. Éascaíonn an fóram plé agus malartú faisnéise i mbreithniú pleananna reachtúla ag OPR agus spreagann sé ailíniú beartais níos mó i measc páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an phróisis déanta pleananna. Tá siad seo a leanas i measc bhaill an fhóraim: DHLGH, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Roinn Oideachais, na trí thionól réigiúnacha, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus Bonneagar Iompair Éireann. Bhí ocht gcruinniú den Fhóram Meastóireachta Pleananna ag OPR in 2023.


Mainistir na Maighne, Co. Mhaigh Eo

### Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

1. Dún na nGall
2. Sligeach
3. Liatroim
4. Muineachán
5. An Cabhán
6. Maigh Eo
7. Ros Comáin
8. Contae na Gaillimhe
9. Cathair na Gaillimhe



### Limistéir Údaráis Áitiúil i dTuaisceart Éireann

1. Cósta agus Gleannta an Aifir
2. Lár agus Oirthear Aontroma
3. Doire agus an Srath Bán
4. Lár Uladh
5. Aontroim agus Baile na Mainistreach
6. Béal Feirste
7. Fear Manach agus an Ómaigh
8. Ard Mhacha Droichead na Banna agus Craigavon
9. An Dún Thuaidh agus an Aird
10. Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhach
11. An tIúr agus Múrna agus an Dún

### Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

1. An Longfort
2. Lú
3. An Mhí
4. An Iarmhí
5. Fine Gall
6. Cathair Bhaile Átha Cliath
7. Áth Cliath Theas
8. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
9. Uíbh Fhailí
10. Cill Dara
11. Laois
12. Cill Mhantáin

### Réigiún an Deiscirt

1. An Clár
2. Ceatharlach
3. Cathair agus Contae Luimnigh
4. Tiobraid Árann
5. Cill Chainnigh
6. Loch Garman
7. Ciarraí
8. Contae Chorcaí
9. Cathair Chorcaí
10. Cathair agus Contae Phort Láirge

**Fíor 4** | Údaráis Áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha in Éirinn agus Údaráis Áitiúla i dTuaisceart Éireann




# 64

**An líon iomlán aighneachtaí a rinne OPR in 2023**


**20%** **Pleananna Forbartha Cathrach/Contae**

**80%** **Pleananna Ceantair Áitiúil**

**% aighneachtaí de réir Pleananna Forbartha Cathrach/Contae/ Pleananna Ceantair Áitiúil**




**Mionsonraí na n-aighneachtaí a rinneadh maidir le Pleananna Forbartha Cathrach/Contae de réir céimeanna**




**Mionsonraí na n-aighneachtaí a rinneadh maidir le Pleananna Ceantair Áitiúil de réir céimeanna**

**Measúnú OPR a cuireadh i gcrích maidir le 22 plean a glacadh: 3 Phlean Forbartha Cathrach/Contae, 6 Athrú, 13 Phlean Ceantair Áitiúil**

**30%** **Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre**

**44%** **Tionól Réigiúnach an Deiscirt**

**26%** **Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair**

**% na n-aighneachtaí de réir an limistéir tionóil réigiúnaigh**



**9** **Údaráis Áitiúla**

**8** **Fóram Meastóireachta Pleananna**

**Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara: cruinnithe le húdaráis áitiúla / leis an bhFóram Meastóireachta Pleananna**

## 2.2 Aighneachtaí OPR

Bíonn aighneachtaí OPR ar phleananna reachtúla bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar raon ábhar reachtach agus beartais. Ina measc:

- Forálacha reachtacha do phleananna reachtúla mar a fhoráiltear faoin Acht.
- Forálacha reachtacha maidir le gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar an athrú aeráide.
- An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF).
- An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES).
- Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair
  (má tá sé i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath).
- An plean forbartha ábhartha (i gcás LAPanna).
- Treoirlínte Alt 28 an Aire, a bhaineann le raon ábhar a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, amhail pleananna forbartha, soláthar tithíochta, bainistíocht riosca tuilte, bóithre náisiúnta agus réigiúnacha, miondíol, forbairt uirbeach, LAPanna, tithíocht tuaithe agus fuinneamh gaoithe.
- Treoracha beartais arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 29 den Acht.

Féadfaidh moltaí agus/nó tuairimí a bheith san áireamh in aighneachtaí OPR chuig údaráis áitiúla ag céim an dréachtphlean agus/nó na n-athruithe ábhartha. Mar gheall ar chineál ardleibhéil na bpáipéar saincheisteanna, ní dhéanann OPR tuairimí ná moltaí foirmiúla. Cuirtear comhairle straitéiseach ar pháipéar saincheisteanna agus/nó treoir ar fáil ina ionad sin.

Baineann **moltaí** OPR le sáruithe follasacha ar: forálacha reachtaíochta ábhartha; an creat beartais náisiúnta nó réigiúnach; agus/nó beartas rialtais, mar atá leagtha amach i dtreoirlínte an Aire arna n-eisiúint faoi alt 28 den Acht.


Ní mór don údarás áitiúil iad sin a chur i bhfeidhm nó aghaidh a thabhairt orthu chun comhsheasmhacht leis na forálacha ábhartha beartais agus reachtaíochta a chinntiú. Mura gcomhlíontar moladh is féidir go n-eiseofar Treoir ón Aire faoi alt 31 den Acht.

Is é is **tuairimí** a thugann OPR iarrataí ar thuilleadh faisnéise, fírinniú ar ábhar ar leith, nó soiléiriú maidir le forálacha áirithe de phlean ar shaincheisteanna a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le forálacha beartais agus reachtacha. Iarrann OPR ar an údarás áitiúil nó comhairlíonn dó gníomhú ar thuairim.


Féadfar go mbeidh comhairle san áireamh in aighneacht maidir le nithe a mheasann OPR a chuirfeadh le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Iarrann nó comhairlíonn OPR go mbreithneoidh údaráis áitiúla ina hiomláine aon chomhairle atá san áireamh in aighneacht.

Rinne OPR 123 moladh agus thug sé 69 tuairim san iomlán in 2023 ar aighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla. Rinneadh 35 moladh agus tugadh 13 tuairim maidir le CDPanna. Rinneadh 88 moladh agus tugadh 56 tuairim ar an iomlán maidir le LAPanna.

Déantar athbhreithniú ar na moltaí atá in aighneachtaí OPR de réir catagóir reachtaíochta i bhFíor 5 agus déantar athbhreithniú ar na tuairimí de réir catagóir reachtaíochta i bhFíor 6. Toisc gur féidir níos mó ná foráil reachtaíochta amháin a chlúdach i moltaí agus i dtuairimí, tá difríocht idir na huimhreacha a chuirtear i láthair leis an líon iomlán moltaí agus tuairimí.





**Fíor 5** | Moltaí OPR de réir Catagóir Reachtaíochta




**Fíor 6** | Tuairimí OPR de réir Catagóir Reachtaíochta

## Moltaí OPR maidir le CDPanna

Rinneadh 35 moladh ar an iomlán maidir le CDPanna in 2023.




**Fíor 7** | Forbhreathnú Téamach ar Mholtaí maidir le CDPanna

Is iad seo a leanas na trí théama ba choitianta a bhaineann le moltaí OPR:

### 1. Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochtaí

Comhpháirt thábhachtach d'aon CDP is ea an chroístraitéis, ina leagtar amach na spriocanna maidir le fás ar an daonra agus soláthar tithíochta le haghaidh na tréimhse sé bliana. Tá na spriocanna maidir le tithíocht agus fás daonra araon lárnach do leithdháileadh an chriosaithe úsáide talún sa limistéar ábhartha údaráis áitiúil agus d'fhás comhréireach bailte agus sráidbhailte.

Go ginearálta, bhain moltaí ar chroístraitéisí le hordlathas lonnaíochtaí contae agus leis an dáileadh fáis do gach cathair, baile agus/nó sráidbhaile.

Éilíodh leis na moltaí go ginearálta go raibh na spriocanna maidir le daonra agus soláthar tithíochta i gcomhréir le NPF agus RSES. Agus go raibh an cur chuige i leith criosú a dhéanamh le haghaidh forbairt chónaithe ag teacht leis na figiúirí daonra agus tithíochta.

D'éiligh moltaí OPR freisin, mar shampla, faisnéis bhreise leis an gcroístraitéis a bhaineann le méid na dtailte criosaithe atá ann cheana, dlúis chónaithe agus cion na dtailte ina bhfuiltear in ann forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta a dhéanamh.

I gcás Phlean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030 agus Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030 araon, rinne OPR moltaí maidir leis na lárionaid fáis réigiúnacha faoi seach, i.e. Baile Shligigh agus Leitir Ceanainn, mar gheall ar chomh tábhachtach agus atá siad d'fhorbairt réigiún an iarthuaiscirt. I gcás an dá phlean, mhol OPR go gcuirfí caibidil aonair isteach, nó roinn shuntasach ina leagfaí amach straitéis chomhsheasmhach le haghaidh fhorbairt an limistéir seo amach anseo. Leis an gcur chuige sin, comhlánaíodh beartais an lárionaid réigiúnaigh agus RSES i gcoitinne.

## 2. Criosú úsáide talún – Dlúthfhás agus Forbairt Sheicheamhach

Cuspóirí beartais bunúsacha náisiúnta agus réigiúnacha é an dlúthfhás agus an cur chuige seicheamhach maidir le forbairt, a chuireann i dtábhacht an gá atá ann deiseanna inlíonta agus athfhorbraíochta a shainaithint in iarracht dlús a chur faoi fhorbairt tithíochta agus fostaíochta laistigh de lorg tógtha lonnaíochtaí atá ann cheana féin.

Tacaíonn moltaí a eisíonn OPR maidir le criosú úsáide talún leis an gcuspóir sin trína chinntiú go gcuirtear cur chuige seicheamhach i leith na forbartha i bhfeidhm. Táthar á dhéanamh sin chun dlúth-phatrún fáis a bhaint amach laistigh de lonnaíochtaí, agus athghiniúint, athbheochan agus diansaothrú lonnaíochtaí. Ach straitéisí lonnaíochta agus iompair inbhuanaithe a bheith ann, in éineacht le straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar ardleibhéil dearóilithe agus foirgneamh folamh, cinnteofar go ndéanfar forbairt ar bhailte i gcomhthráth leis an gcur chuige Tús Áite do Lár an Bhaile.

Leis an gcuspóir maidir le dlúthfhás a bhaint amach laghdófar an lorg carbóin, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfar na spriocanna éigeantacha maidir le laghdú astaíochtaí gáis ceaptha teasa faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015, arna leasú, agus go ndéanfar gníomhú aeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála. Comhpháirt thábhachtach de mheasúnú OPR is ea a chinntiú go dtugtar tús áite do bhailte atá cóngarach do lár an bhaile, go n-úsáidtear bonneagar atá ann cheana agus go dtacaítear le hathghiniúint uirbeach.

In aighneacht OPR ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030, bhí moltaí maidir le dlúthfhás, forbairt sheicheamhach agus acmhainn bhonneagair chun tailte criosaithe a sheirbhísiú.

Sa chás gur beartaíodh criosuithe úsáide talún le haghaidh láithreáin neamhoiriúnacha i suíomhanna imeallacha, lasmuigh de theorainneacha lonnaíochta, nó i suíomhanna nach raibh seicheamhach d’fhorbairt a bhí ann cheana, mhol OPR go mbreithneodh údaráis áitiúla ar na tailte seo a chriosú.

## 3. An Comhshaol, Oidhreacht agus Fóntais

Rinneadh moltaí maidir leis an gcomhshaol, oidhreacht agus fóntais i dtaca le criosú úsáide talún mí-oiriúnach, i dtaca le Láithreáin Ainmnithe an AE, cearta slí poiblí a chuimsiú agus beartais maidir leis an oidhreacht thógtha.

Tá oibleagáidí ar gach údarás pleanála, mar an t-údarás inniúil, faoi airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ina n-éilítear nach gcuirfidh an plean forbartha isteach go tromchúiseach ar shláine láithreáin Eorpaigh. Chuige sin, d’eisigh OPR moladh maidir leis na hathruithe ábhartha ar dhréacht-Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, ag éileamh go mbainfí athruithe ábhartha áirithe chun tailte áirithe a chriosú as an bplean arna ghlacadh. Rinne OPR an moladh sin toisc nach bhféadfaí drochéifeachtaí suntasacha ar shláine láithreán Eorpach sonrach, i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe, a chur as an áireamh. Rinneadh an plean gan na hathruithe ábhartha sin.

Bhí OPR sásta freisin leis an bhfreagra a thug Comhairle Contae Dhún na nGall i dtaobh moladh maidir le Dréachtphlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030 a bhaineann le cearta slí poiblí a chur isteach ar léarscáil agus liosta de láithreáin den sórt sin, i gcomhréir le halt 10(2)(o) den Acht.

## Moltaí OPR maidir le Pleananna Ceantair Áitiúil

Rinneadh 88 moladh ar an iomlán maidir le LAPanna.




**Fíor 8** | Forbhreathnú Téamach ar Mholtaí maidir le LAPanna

Is iad seo a leanas na trí théama ba choitianta a bhaineann le moltaí OPR:

### 1. Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochtaí

Cuid thábhachtach d'aon LAP is ea an chroístraitéis, ina leagtar amach spriocanna maidir le fás daonra agus spriocanna maidir le soláthar tithíochta don tréimhse sé bliain, ar aon líne le CDP agus RSES ábhartha. Is comaoineacha ábhartha iad na spriocanna sin d'údaráis áitiúla agus iad ag cinneadh cuspóirí maidir le criosú úsáide talún i bPlean Ceantair Áitiúil.

Bhí croístraitéis ar an téama ba mhó i moltaí OPR maidir le LAPanna in 2023. Go ginearálta, bhí OPR sásta leis an gcur chuige i leith na gcroístraitéisí sna LAPanna in 2023.

Go ginearálta, i gcás inar eisíodh moltaí, iarradh ar na húdaráis áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar chriosuithe nua cónaithe. Rinneadh é sin chun a chinntiú go raibh na spriocanna maidir leis an daonra agus leis an soláthar tithíochta comhsheasmhach le croístraitéis na CDPanna ábhartha.

Bhí sé sin amhlaidh i gcuid mhaith cásanna, toisc go raibh suíomh na gcriosuithe nua cónaithe seo suite i suíomhanna imeallacha i gcoibhneas le seirbhísí agus áiseanna, agus nach raibh siad á bhfónamh ag iompar poiblí agus nach raibh sé éasca iad a rochtain trí mhodhanna taistil gníomhacha. Ní sholáthróidís, dá bhrí sin, dea-thorthaí pleanála don limistéar LAP.

Ina theannta sin, agus mar is gnáth, níor léirigh na criosuithe beartaithe forbairt sheicheamhach, go háirithe laistigh den chomhthéacs maidir le dlúthfhás contrártha d'fhorálacha na bPleananna Forbartha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022).

Maidir le dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Éadan Doire 2023-2029, mhol OPR gan tailte áirithe a athchriosú. Bhí aird aige sin ar an gceanglas a bheith comhsheasmhach le croístraitéis Phlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 agus toisc nár cuireadh dlúthfhás chun cinn leis na láithreáin a bhí faoi chaibidil, nár thacaigh siad le soghluaisteacht

inbhuanaithe agus go raibh bacainní bonneagair ag baint leo.

Chomhlíon Comhairle Contae Uíbh Fhailí an moladh sin tríd an leasú ábhartha a fhágáil ar lár as an LAP a glacadh. Bhí OPR sásta gur tugadh aghaidh ar ár moltaí agus go raibh an plean comhsheasmhach le croístraitéis an phlean forbartha.

## 2. Bainistíocht Riosca Tuilte

Rinne OPR moltaí maidir le bainistíocht an riosca tuilte chun a chinntiú nár criosaíodh talamh i mbaol tuilte le haghaidh úsáidí leochaileacha. Cheangail na moltaí ar údaráis áitiúla an Córas Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte (2009) (Treoirlínte Tuilte) a leanúint, go háirithe maidir le cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm[4], agus tástálacha fírinnithe a ullmhú[5] do thailte áirithe. I gcásanna nár chomhlíon tailte riachtanais na Tástála Fírinnithe, d'éiligh moltaí athchriosú go húsáidí eile nach bhfuil chomh leochaileach.

D'oibrigh OPR go dlúth le OPW ar gach cás maidir le riosca tuilte. Athbhreithníodh treoir agus moltaí OPW agus ionchorpraíodh iad i moltaí, nuair ba chuí.

In aighneacht OPR maidir leis an hathruithe ábhartha ar dhréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Meala 2024-2030, éilíodh ar an údarás pleanála an LAP a dhéanamh gan athrú ábhartha beartaithe rud lena n-athrófaí an cuspóir maidir le criosú úsáide talún ó fhostaíocht go dtí úsáid mheasctha.[6] Bhain an suíomh le tailte criosaithe mar Úsáid Mheasctha suite laistigh de Chrios Tuilte A.

D'fhéadfadh an criosú Úsáide Measctha a bhí beartaithe freastal ar úsáidí an-leochaileach lena n-áirítear úsáid chónaithe, nach bhfuil iomchuí laistigh de Chrios Tuilte A.

Luaitear sna Treoirlínte Tuilte[7] gur cheart an cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm ag an gcéim déanta pleananna chun a chinntiú go bhfuil an fhorbairt dírithe ar dtús agus thar aon ní eile ar thailte nach bhfuil ann ach baol íseal go mbeidh siad faoi thuilte. I gcás ina mbeartaítear criosú ar thailte laistigh de chriosanna tuilte, ní mór don údarás pleanála a bheith sásta go n-éiríonn leis na tailte sa Tástáil Fírinnithe maidir le déanamh pleananna.

Chomhlíon Comhairle Contae Thiobraid Árann an moladh sin tríd an leasú ábhartha a fhágáil ar lár as an LAP a glacadh. Bhí OPR sásta gur tugadh aghaidh ar ár moltaí agus go raibh an plean comhsheasmhach le beartas náisiúnta ar bhainistíocht riosca tuilte.

## 3. Forbairt Eacnamaíoch agus Fostaíocht

Rinneadh moltaí a bhain le forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht chun a chinntiú nach mbainfeadh an cur chuige maidir le criosanna úsáide talún i gcomhair fostaíochta an bonn d'athbheochan lár bailte agus nach mbainfidís uathu, ná nach mbeidís ar neamhréir le dlúthfhás.

Rinneadh na moltaí sin freisin chun a chinntiú go mbeidh na tailte in ann nascadh le seirbhísí atá ann cheana agus

[4] Féachann an cur chuige seicheamhach i leith riosca tuilte a bhainistiú ar dtús le forbairt a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte. Murar féidir é sin a dhéanamh, ba cheart go gcuirfeadh an plean forbartha cuspóir nach bhfuil chomh leochaileach do thuilte in ionad an chuspóra úsáide talún. Níor cheart breithniú a thabhairt do mhaolú agus bainistiú rioscaí ach sa chás nach féidir le seachaint agus ionadú tarlú.

[5] Measúnú ar cibé an gcomhlíonann togra forbartha laistigh de cheantar atá i mbaol tuilte critéir shonracha le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe agus an léiríonn sé nach mbeidh sé faoi réir aon riosca neamh-inghlactha agus nach méadóidh sé riosca tuilte áit ar bith eile. Níor cheart an Tástáil Fírinnithe a chur i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil an fhorbairt laistigh de limistéir ina bhfuil riosca tuilte a shainmhíneofaí mar mhíchuí faoin gcur chuige seicheamhach.

[6] Athrú Ábhartha 85.

[7] Roinn 3.2 de na Treoirlínte Tuilte.

fás bunaithe ar bhonneagar a chur chun cinn. Agus a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige bunaithe ar fhianaise maidir le criosanna chun infheistíocht bonneagair a uasmhéadú.

Leis na haighneachtaí a rinne OPR maidir le hathruithe ábhartha ar dhréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029, éilíodh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe an LAP a dhéanamh gan athruithe ábhartha áirithe. Rinneadh é sin toisc nár taispeánadh go leormhaith go bhfuil na tailte atá faoi chaibidil in ann nascadh le seirbhísí atá ann cheana agus fás bunaithe ar bhonneagar a chur chun cinn. Lena chois sin, ní raibh aon léiriú ann gur leanadh cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith criosanna chun infheistíocht bhonneagair a uasmhéadú. Bhain OPR de thátal as freisin go raibh sé de chumas ag an gcur chuige foriomlán i leith talamh criosaithe i gcomhair fostaíochta an bonn a bhaint d'athbheochan lár an bhaile agus baint uaidh, agus dlúthchineálacha forbartha a chuireann taisteal gníomhach inbhuanaithe chun cinn.

Chomhlíon an t-údarás áitiúil an moladh sin trí fhormhór na n-athruithe ábhartha a fhágáil ar lár as an bplean a glacadh agus trí réasúnaíocht agus bonn cirt soiléir a thabhairt maidir leis na tailte atá fágtha. Bhíomar sásta gur tugadh aghaidh ar ár moltaí.

## 2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh

Tar éis chéimeanna comhairliúcháin an dréachtphlean agus na n-athruithe ábhartha, féadfaidh comhaltaí tofa an údaráis áitiúil vótáil chun plean beartaithe a ghlacadh. Nuair a ghlactar plean, bíonn ceithre seachtaine ag OPR chun an plean a mheas. I gcás CDPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus má leagtar amach straitéis fhoriomlán ann le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. I gcás LAPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus/nó le plean forbartha an cheantair lena mbaineann.

Tagann gach plean reachtúil i bhfeidhm sé seachtaine tar éis iad a ghlacadh. Má tá OPR sásta leis an bplean, eiseoidh sé admháil ag cur fáilte roimh an bplean. Mar sin féin, má tá an plean ar neamhréir leis na moltaí a rinne OPR, féadfaidh OPR comhairle a chur ar an Aire treoir a eisiúint.

Glacadh le 22 plean ar an iomlán in 2023. Glacadh le trí CDP agus rinneadh sé athrú ar CDPanna atá ann cheana. Ba LAPanna 13 cinn de na pleananna a glacadh. Ní dhearnadh aon leasuithe ar LAPanna atá ann cheana.

D'eisigh OPR moltaí maidir leis na CDPanna uile agus dhá cheann de na hathruithe a glacadh in 2023. Chinn OPR nár theastaigh aon mholtaí ina aighneachtaí maidir le ceithre cinn de na hathruithe. Tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinne OPR i gceann de na CDPanna agus sa dá athrú a bhí fágtha. Dá bhrí sin, níor theastaigh aon ghníomh breise. Tá liosta de na pleananna sin i dTábla 3.

D'eisigh OPR moltaí maidir leis na LAPanna uile a glacadh in 2023. Astu sin, tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinne OPR i ndeich cinn acu.

Glacadh Plean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua Thiar 2023-2029 i mí na Nollag 2023 agus tugadh an mheastóireacht agus an measúnú chun críche go luath in 2024. Mar sin féin, tugadh aghaidh go sásúil freisin ar na moltaí don phlean sin.

Dá bhrí sin, níor theastaigh aon ghníomh breise. Tá liosta de na pleananna sin i dTábla 4.

Níor tugadh aghaidh go sásúil sna pleananna ar na moltaí a rinne OPR agus pléitear tuilleadh iad sa chéad roinn eile maidir le treoracha.

**Tábla 3** | Pleananna Forbartha Cathrach/Contae agus Athruithe a glacadh – Níl gá le gníomh breise

| Plean | Líon moltaí a eisíodh | Dáta Glactha |
|---|---|---|
| **Plean Forbartha Contae Liatroma 2023-2029** | 13 | 7 Feabhra 2023 |
| **Athrú Uimhir 1 ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028** | 1 | 8 Bealtaine 2023 |
| **Athrú Uimhir 1 ar Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028** | 0 | 22 Bealtaine 2023 |
| **Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028** | 0 | 4 Meán Fómhair 2023 |
| **Athrú Uimh. 5 ar Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2019-2025** | 1 | 6 Samhain 2023 |
| **Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028** | 0 | 6 Samhain 2023 |
| **Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae agus Cathrach Chill Chainnigh 2021** | 0 | 20 Samhain 2023 |



Cathair Chill Chainnigh

**Tábla 4** | Pleananna Ceantair Áitiúil a Glacadh – Níl gá le gníomh breise

| Údarás Áitiúil | Plean | Líon moltaí a eisíodh | Dáta Glactha |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh** | Plean Ceantair Áitiúil Ráth Caola 2023-2029 | 2 | 10 Eanáir 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chaisleán Uí Chonaill 2023-2029 | 2 | 17 Aibreán 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chathair Chinn Lis 2023-2029 | 3 | 20 Aibreán 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Mhainistir na Féile 2023-2029 | 1 | 4 Deireadh Fómhair 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua Thiar 2023-2029 | 3 | 6 Nollaig 2023 |
| **Comhairle Contae Uíbh Fhailí** | Plean Ceantair Áitiúil Bhiorra 2023-2029 | 3 | 15 Bealtaine 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Éadan Doire 2023-2029 | 5 | 17 Iúil 2023 |
| **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029 | 6 | 11 Meán Fómhair 2023 |
| **Comhairle Contae Thiobraid Árann** | Plean Ceantair Áitiúil Ros Cré 2023-2029 | 6 | 11 Meán Fómhair 2023 |
| **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Droma 2023 | 1 | 10 Deireadh Fómhair 2023 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Dara 2023-2029 | 4 | 26 Deireadh Fómhair 2023 |

## 2.4 Treoracha

De réir alt 31AM agus 31AO den Acht, is féidir leis OPR moladh a dhéanamh don Aire á threorú d'údarás áitiúil aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí le ceanglais reachtúla ina phlean.

Má mheasann OPR go bhfuil gá leis seo, eiseoidh sé litir fógra don Aire ina mbeidh breac-chuntas ar an gcúis le teacht ar an gcinneadh.

Míneofar sa litir fógra seo conas atá an plean neamhréireach le moltaí OPR agus conas, i gcás na CDPanna, a theipeann ar an bplean straitéis iomlán a leagan amach le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Ullmhaíonn OPR dréacht-treoir bheartaithe freisin don Aire.

**Fíor 5** | Dréacht-Treoracha Beartaithe a d'Eisigh OPR

| Plean | Údarás Áitiúil | Dáta Glactha | Líon moltaí a eisíodh | Líon Moltaí lena mbaineann Dréacht-Treoir |
|---|---|---|---|---|
| **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** | Comhairle Contae Fhine Gall | 22 Feabhra 2023 | 24 | 3 |
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | Comhairle Contae an Chláir | 9 Márta 2023 | 23 | 7 |
| **Plean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029** | Comhairle Contae Dhún na nGall | 13 Samhain 2023 | 20 | 7 |
| **Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Chaisleán an Bharraigh 2023-2029** | Comhairle Contae Mhaigh Eo | 27 Samhain 2023 | 7 | 4 |

Tar éis é seo a bhreithniú, féadfaidh an tAire a chinneadh dréacht-treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil ábhartha. Nuair a eisíonn an tAire dréacht-treoir, ní thagann na codanna den phlean lena mbaineann an dréacht-treoir in éifeacht sa phlean glactha.

Má easaontaíonn an tAire le cuid ar bith nó le hiomlán na dréacht-treorach, ullmhaíonn an tAire ráiteas ina bhfuil breac-chuntas ar na cúiseanna gan comhaontú le OPR. Leagtar an ráiteas faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

In 2023, áiríodh in dhá cheann de na CDPanna a glacadh agus in dhá cheann de na LAPanna a glacadh forálacha nár thug aghaidh go sásúil ar na moltaí a bhí déanta ag OPR ag céim dhréachtú an phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha. Níor bhain na dréacht-treoracha beartaithe a d'eisigh OPR chuig an Aire maidir le gach ceann de na pleananna ach le líon teoranta de na moltaí a rinneadh ag céim dhréachtú an phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha.

## Dréacht-Treoracha CDPanna

In 2023, mhol OPR dréacht-treoracha i dtaca le dhá cheann de na trí phlean forbartha a glacadh – Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 agus Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029. Ní dhearna OPR aon mholadh maidir leis na sé athrú a glacadh do na pleananna forbartha.

Bhí 27 athrú molta ar an bplean forbartha sa dá dhréacht-treoir le chéile chun na saincheisteanna a tharraing OPR anuas ina chuid moltaí a réiteach, cinn a rinneadh ag céim dhréachtú an phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha. Bhain na hathruithe a ordaíodh go príomha le cuspóirí criosaithe a bhí san áireamh sna pleananna a glacadh. An phríomhchúis a bhí leis na hathruithe a moladh ná na sáruithe follasacha a rinneadh ar bheartas náisiúnta agus/nó réigiúnach, faoi raon leathan saincheisteanna, a bhain go príomha leis na téamaí seo a leanas:

- croístraitéis agus straitéis lonnaíochtaí;
- dlúthfhás agus athghiniúint;

- bainistíocht riosca tuilte;
- an comhshaol, oidhreacht agus fóntais;
- iompar inbhuanaithe; agus
- inrochtaineacht.

Níor tugadh bainistíocht riosca tuilte mar chúis chomh minic le haghaidh treorach in 2023 is a tugadh blianta roimhe sin, rud a léiríonn feasacht mhéadaithe i measc na n-údarás pleanála maidir leis an gceanglas riosca tuilte a bhainistiú ar bhealach níos fearr trí phleananna reachtúla. In 2023, ba riosca tuilte ba chúis le dhá cheann de na hathruithe treoraithe a moladh i dtaca le treoir i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029.

## Dréacht-Treoracha LAPanna

D'eisigh OPR moladh chuig an Aire chun treoir a fháil maidir le díreach dhá cheann de na 13 LAP a glacadh – Plean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029 agus Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Chaisleán an Bharraigh 2023-2029.

Bhí 16 athrú molta ar na LAPanna sa dá dhréacht-treoir le chéile chun na saincheisteanna a tharraing OPR anuas ina chuid moltaí a réiteach, cinn a rinneadh ag céim dhréachtú an phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha.

De réir na dtreoracha maidir leis na pleananna forbartha, bhain na hathruithe a ordaíodh go príomha le cuspóirí criosaithe a bhí san áireamh sna LAPanna a glacadh. Bhain na cúiseanna a bhí leis na hathruithe a moladh leis na sáruithe follasacha a rinneadh ar bheartas plean forbartha náisiúnta agus/nó réigiúnach, faoi raon leathan saincheisteanna, a bhain go príomh leis na téamaí seo a leanas:

- dlúthfhás agus athghiniúint;
- croístraitéis agus straitéis lonnaíochtaí;
- forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht; agus
- bainistíocht riosca tuilte.

Ach an oiread le pleananna forbartha, níor tugadh bainistíocht riosca tuilte mar chúis chomh minic maidir le treoracha LAP in 2023 is a tugadh blianta roimhe sin. Léiríonn sé sin feasacht mhéadaithe i measc na n-údarás pleanála maidir leis an gceanglas riosca tuilte a bhainistiú ar bhealach níos fearr trí phleananna reachtúla.

In 2023, bhain sé le ceann de na hathruithe treoraithe a moladh, i dtaca leis an treoir i bPlean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029.

## Treoracha Deiridh

Is céimeanna forordaithe iad seo nach mór d'údarás áitiúil a ghlacadh nuair a fhaigheann siad dréacht-treoir ón Aire. Ní mór dóibh comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar an dréacht-treoir agus ní mór don phríomhfheidhmeannach tuarascáil a ullmhú ar na haighneachtaí a fuair an t-údarás áitiúil le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Déanann OPR breithniú ansin ar thuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh agus aon aighneachtaí a fhaigheann OPR go díreach ó chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil atá i gceist. Tar éis an mheasúnaithe seo, is féidir le OPR moladh a dhéanamh don Aire chun treoir dheiridh a eisiúint, le nó gan leasuithe beaga. De rogha air sin, is féidir le OPR cigire a cheapadh má mheasann sé go bhfuil tuilleadh iniúchta ag teastáil.

Cuireadh próiseas na treorach deiridh i gcrích le haghaidh Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 agus Phlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 in 2023. Chuir OPR an próiseas treoracha i gcrích freisin le haghaidh dhá phlean forbartha a glacadh in 2022, inar beartaíodh dhá threoir dheiridh eile maidir le Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028 agus Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029. D'eisigh an tAire treoir dheiridh maidir leis na ceithre phlean uile in 2023.

Bhí an próiseas maidir le treoir a eisiúint ag leanúint ar aghaidh le haghaidh Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Chaisleán an Bharraigh 2023-2029 agus Phlean agus Phlean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029 ag deireadh 2023.

## Torthaí Treoracha Deiridh

D'eisigh OPR ceithre threoir dheiridh maidir le CDPanna in 2023, a bhain le:

- Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029
- Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029
- Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029

Bhí toradh dearfach ag treoracha deiridh OPR a mhéid is gur cuireadh dlúthfhás agus fás inbhuanaithe chun cinn, ag cinntiú go seirbhísítear talamh a dhéantar a chriosú i gcomhair forbartha agus go seachnaítear tithe cónaithe agus gnóthaí leochaileacha a chur i mbaol tuilte.

Ní hamháin go léiríonn na hidirghabhálacha seo an creat beartais náisiúnta agus réigiúnach le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ár gcathracha agus ár gcontaetha, ach tá siad tábhachtach go háirithe chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta.

Ar an gcaoi chéanna, i dtéarmaí na ndúshlán a bhaineann le tithíocht, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil tithe nua curtha i láithreacha maithe agus gur féidir leo freastal ar riachtanais pobal amach anseo.

An phríomhchúis a bhí leis na hidirghabhálacha ná na sáruithe follasacha ar bheartas náisiúnta agus/nó réigiúnach, a bhaineann le raon leathan saincheisteanna, ar féidir iad a chur i gcatagóirí de réir téama.

Ba é an téama ba choitianta inár dtreoracha deiridh an dlúthfhás agus athghiniúint. I gcás Chathair na Gaillimhe, áiríodh cuspóirí criosaithe úsáide talún sa phlean forbartha a bhí ina gcodanna agus gan aon phatrún leo, rud a bhain an bonn dá bhrí sin den chumas cineálacha forbartha níos dlúithe a sheachadadh, arna bhfónamh ag bonneagar, seirbhísí agus fóntais atá ann cheana nó atá beartaithe. Tá an cineál seo forbartha spleách freisin ar iompar cairr phríobháidigh, a mbíonn de thoradh air méadú san úsáid fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.

D'éiligh an treoir go ndéanfaí talamh mar sin a chriosú le haghaidh cuspóirí níos oiriúnaí.

Bhain an dara téama ba choitianta inár dtreoracha deiridh leis an gcroístraitéis agus leis an straitéis lonnaíochtaí. I gCill Mhantáin agus i gCathair na Gaillimhe, bhí cuspóirí criosaithe san áireamh sna pleananna forbartha lena mbeifí in ann forbairt chónaithe a dhéanamh, agus talamh i gcomhair fostaíochta i roinnt cásanna, i gceantair imeallacha nó iargúlta, a bhí den chuid is mó lasmuigh de theorainneacha an bhaile nó an tsráidbhaile. Bheidís sin freisin i dtosca ina raibh go leor talamh criosaithe sna pleananna cheana féin a bhí suite i láithreacha níos fearr maidir le soláthar bonneagair agus rochtain ar scoileanna, siopaí, agus áiseanna eile pobail do chónaitheoirí amach anseo.

Mar thoradh ar na treoracha sin d'fhág Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe cuspóirí criosaithe nár léirigh forbairt sheicheamhach amach as a gcuid pleananna. Go háirithe laistigh den chomhthéacs maidir le dlúthfhás contrártha d'fhorálacha na bPleananna Forbartha, na dTreoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022). Ina theannta sin, baineadh na criosanna sin as seirbhísí agus áiseanna, agus ní raibh freastal maith orthu ag iompar gníomhach ná poiblí.

Baineann an tríú téama is airde inár dtreoracha deiridh le bainistíocht riosca tuilte. I gCathair na Gaillimhe, éilíodh sa treoir go ndéanfaí talamh a bhí i mbaol tuilte a chriosú le haghaidh úsáidí nach raibh chomh leochaileach céanna. Bhí sé sin á dhéanamh chun forbairt neamhoiriúnach a sheachaint i gceantair atá leochaileach do thuilte, agus a chinntiú gur féidir le lonnaíochtaí leanúint de bheith ag fás ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe.

D'fhág toradh na dtreoracha sin gur iarradh ar údaráis áitiúla criosanna a fhágáil ar lár. Rinneadh é sin chun a chinntiú nár criosaíodh talamh a bhí i mbaol tuilte le haghaidh úsáidí leochaileacha, rud a chruthódh riosca tuilte do réadmhaoin agus do dhaoine.

I gcás Phlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 agus Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, d'fhág toradh na dtreoracha seo gur fhág Comhairlí Contae Fhine Gall agus an Chláir cuspóirí criosaithe a bhí san áireamh sna pleananna forbartha a glacadh ar lár den chuid is mó. Rinneadh sin nuair a bhí na criosanna nua lonnaithe i suíomhanna imeallacha i gcoibhneas le seirbhísí agus áiseanna, agus áit nach raibh freastal maith á dhéanamh orthu nó rochtain éasca orthu le modhanna taistil gníomhacha. Ní sholáthróidís, dá bhrí sin, dea-thorthaí pleanála do na CDPanna. Ina theannta sin, níor léirigh na criosuithe beartaithe forbairt sheicheamhach, go háirithe laistigh den chomhthéacs maidir le dlúthfhás, rud a bhí contrártha d'fhorálacha na bPleananna Forbartha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022).

## Ráitis Cúiseanna ón Aire

Sa chás nach n-aontaíonn an tAire le moladh OPR maidir leis an dréacht-treoir nó an treoir dheiridh, ní mór dóibh ráiteas i scríbhinn a ullmhú ar chúiseanna gan aontú. Tagraítear dó mar an Ráiteas Cúiseanna. Is féidir leis a bheith ag baint leis an treoir ina hiomláine nó, rud níos coitianta, le cuid den treoir. Ní mór an Ráiteas Cúiseanna ansin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin DHLGH.

In 2023, níor aontaigh an tAire le OPR maidir le dhá cheann den 43 athrú aonair a moladh a raibh moladh dréacht-treorach nó treoir dheiridh le déanamh ag OPR maidir leo.

Maidir leis an dréacht-treoir ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029, níor aontaigh an tAire le gné de dhréacht-treoir mholta OPR maidir le roinnt talún ag Rathún a athchriosú ó thalamh Cónaithe go talamh Talmhaíochta.

Ba é réasúnacht an Aire, mar a imlínítear sa Ráiteas Cúiseanna, go bhfuil na tailte atá i gceist á bhfónamh ag seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí agus go bhféadfaí iad a fhorbairt le haghaidh tithíochta taobh istigh de shaolré an CDP. Agus é ag teacht ar a chinneadh, bhí aird ag an Aire ar an aighneacht a rinne Uisce Éireann leis an údarás áitiúil. Chinn an tAire freisin, toisc go bhfuil na tailte cóngarach do thalamh criosaithe atá ann cheana agus timpeallacht uirbeach na Gaillimhe mar atá, go bhfuil criosú na dtailte sin le haghaidh forbairt chónaithe réasúnach i gcomhthéacs cathrach.

I dtaca leis an treoir dheiridh a moladh maidir le Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028, níor aontaigh an tAire le moladh OPR an criosú ag Áth na Fuinseoige a athrú ó thalamh Nua Cónaithe go dtí talamh Neamhchriosaithe. Ba é réasúnaíocht an Aire, mar a imlínítear sa Ráiteas Cúiseanna, go bhfuil na tailte cóngarach d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) atá beagnach críochnaithe agus go bhfuil sé de chumas aige rochtain a thabhairt ar na tailte atá i gceist. Agus dá bharr sin d'fhéadfaí na tailte a chur san áireamh lena fónamh agus d'fhéadfaí iad a fhorbairt i gcomhair tithíochta laistigh de shaolré an CDP. Mheas an tAire go bhfuil criosú na dtailte sin le haghaidh forbairt chónaithe réasúnach sna himthosca.

Sa dá chás, bhain na nithe a imlínítear sa Ráiteas Cúiseanna leis na forálacha beartais agus cuspóra sna Pleananna Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022). Tá na tailte faoi chaibidil criosaithe i bpleananna forbartha atá ann cheana, a bhfuil seirbhís á déanamh orthu agus ar féidir iad a fhorbairt le haghaidh tithíochta laistigh de shaolré na bpleananna forbartha nua, dá bharr sin, níor cheart dóibh a bheith faoi réir díchriosú.

## 2.5 Athbhreithnithe Breithiúnacha

Mar chomhlacht riaracháin faoi shaindualgas an Achta, is féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinntí OPR, agus sa chás sin breithneoidh an chúirt dlíthiúlacht an phróisis cinnteoireachta go príomha. Agus an chúirt ag teacht ar a cinneadh, féadfaidh sí a mheas an bhfuil an t-údarás ag OPR cinneadh a dhéanamh, má tá an bealach a rinneadh an cinneadh cothrom, agus má chomhlíon OPR na ceanglais dhlíthiúla uile lena rialaítear a cinneadh.

D'fhéadfadh baint a bheith ag athbhreithnithe breithiúnacha le moladh OPR nó le cinneadh an Aire.

Tá liosta de na pleananna atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach i dTábla 6. Níor eisigh na cúirteanna aon chinneadh i ndáil le haon cheann de na himeachtaí.

**Tábla 6 | Pleananna atá faoi réir Athbhreithnithe Breithiúnacha**

| Ainm an Phlean | An líon Athbhreithnithe Breithiúnacha |
|---|---|
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** | 3 |
| **Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028** | 2 |

## 2.6 Bainistíocht Sonraí Spásúla

### Mol Pleanála Digití

Sheol OPR Mol Pleanála Digití in 2023. Bhí deis ag OPR leis an mol sin a shraith uirlisí pleanála digití a chomhdhlúthú agus iad a chur ar fáil go héasca d'fhoireann OPR trí lárphointe rochtana. Laistigh den mhol sin tá raon léarscáileanna digiteacha, áireamháin, agus Tairseach GIS OPR, córas bainistíochta inneachar gréasán-bhunaithe. Leis an mol bítear in ann sonraí GIS, ó fhoinsí difriúla, a bhailiú in aon suíomh amháin. Tá sé beartaithe an mol sin a chur ar fáil don phobal in 2024.


### Rianaire Seachadta maidir le Tithíocht Lonnaíochta

Cruthaíodh deais in 2023 chun an seachadadh tithíochta a thomhas ar leibhéal lonnaíochta.

Tugann an feidhmchlár deis d'úsáideoirí figiúirí críochnaithe tithíochta a rianú ar leibhéal lonnaíochta. Tugann sé deis freisin d'úsáideoirí scálaí spásúla réamhshainithe a rianú taobh amuigh de theorainn lonnaíochta.

### Áireamhán Déanta Plean Ceantair Áitiúil

Sheol OPR a dhara háireamhán déanta pleananna in 2023, inar díríodh ar LAPanna. Tugann an feidhmchlár sin deis d'úsáideoirí na céimeanna difriúla agus na tréimhsí ama difriúla maidir le hullmhú na LAPanna a ríomh go héasca.




# 3 Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

- Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil
- Athbhreithniú an Bhoird Pleanála
- Faisnéis Mhíthreorach in Iarratais Phleanála
- Láimhseáil Cásanna agus Scrúdú ar Ghearáin
- Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna
- Samplaí Cás-Staidéir



**Le Caibidil IV (‘Athbhreithniú ar Fheidhmeanna Pleanála’) de Chuid IIB den Acht, tugtar an chumhacht do OPR athbhreithniú agus/nó scrúdú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála agus a bhfeidhmeanna pleanála á gcomhlíonadh acu.**



### Tá trí chomhthéacs ann:

| | |
|---|---|
| **Alt 31AS** | **Sa chás go measann OPR go bhfuil athbhreithniú den sórt sin riachtanach nó cuí.** |
| **Alt 31AT** | **Thar ceann an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.** |
| **Alt 31AU** | **Scrúdú ar ghearán a bhaineann le heagrú údaráis áitiúil agus na gcóras agus nósanna imeachta a úsáideann sé maidir lena fheidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.** |

Leis na forálacha sin, tugtar bonn do OPR chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar éifeachtach na seirbhísí pleanála don phobal agus, ar an dóigh sin, neartaítear socruithe institiúideacha go suntasach chun feidhmiú cuí agus sláine an chórais pleanála a chinntiú. Leis an mbunchloch rialála sin bronntar an t-údarás ar OPR chun monatóireacht agus meastóireacht ghníomhach a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais pleanála náisiúnta agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint ar fud an 31 údarás áitiúil agus sa Bhord Pleanála.

Tríd an gclár athbhreithnithe, cuireann OPR béim ar shainaithint an dea-chleachtais agus deiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte idir eagraíochtaí, chomh maith le haird a tharraingt ar aon réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú. Cuirtear an bhéim fhoriomlán ar chultúr feabhais leanúnaigh a leabú in earnáil pleanála na hÉireann.

## 3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

Mar atá geallta inár Ráiteas Straitéise, chuir OPR clár athbhreithnithe i bhfeidhm trína ndéanfaimid athbhreithniú ar gach údarás áitiúil ar thimthriall rialta.

Tugann clársceidealú athbhreithnithe rialta bonn do OPR chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí pleanála don phobal agus neartaíonn sé feidhmiú agus sláine an chórais pleanála.

Is próiseas cuimsitheach a bhíonn i gceist le haon athbhreithniú aonair a dhéantar, agus glacann sé cúpla mí é a dhéanamh, agus bíonn próiseas suntasach i gceist leis ina mbailítear faisnéis, ina ndéantar anailís agus ina mbítear i dteagmháil le hoifigigh phleanála, chun breithmheas iomlán a thabhairt ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáidtear chun feidhmeanna pleanála a sheachadadh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ár leathanach faoin gclár athbhreithnithe.[8]

8 https://www.opr.ie/clar-athbhreithnithe/?lang=ga

Déanann athbhreithnithe OPR feidhmíocht na n-údarás áitiúil a mheas i bpríomhphróisis oibriúcháin chun seirbhísí pleanála a sholáthar. Déanann ár dtuarascálacha athbhreithnithe moltaí ar conas is féidir nósanna imeachta a fheabhsú nó conas is féidir caighdeáin reatha a choinneáil.

Chun struchtúr a thabhairt agus an clár a threorú, faigheann seachadadh athbhreithnithe aonair na n-údarás áitiúil treoir ónár modheolaíocht maidir le hathbhreithnithe. Cuireadh an mhodheolaíocht sin le chéile i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta, le hionadaithe ó earnáil an rialtais áitiúil, leis an mBord Pleanála, leis na forais náisiúnta phleanála agus le páirtithe leasmhara i gcoitinne. Tugtar an mhodheolaíocht athbhreithnithe sin cothrom le dáta go rialta agus cinntítear leis go gcuirtear athbhreithnithe i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach.


Maidir le hathbhreithnithe OPR, déantar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla a mheas iontu i gcomhthéacs roinnt príomhréimsí de sholáthar reachtúil na seirbhísí pleanála. Déanfaidh OPR anailís ar fheidhmíocht faoi na ceannteidil sin. Baineann OPR leas as raon fianaise atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus tuarascálacha a chuireann an t-údarás áitiúil a bhfuil athbhreithniú le déanamh air ar fáil.

Déanfaidh OPR obair allamuigh freisin, tabharfaidh sé cuairt ar oifigí na n-údarás áitiúil agus oibreoidh sé le foireann na rannóige pleanála trí cheardlanna.

Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go bhfuil athbhreithniú OPR dírithe ar rudaí a fheabhsú, agus ceaptha chun cur le pleananna feidhmíochta agus feabhsúcháin na n-údarás áitiúil féin agus breisluach a thabhairt dóibh. Tá an clár athbhreithnithe beartaithe mar acmhainn forbartha don chóras pleanála. Tá na moltaí a thagann ón bpróiseas ceaptha chun seachadadh seirbhísí don phobal a fheabhsú. Gné lárnach is ea sainaithint cás-staidéar atá in ann dea-chleachtas a chur chun cinn.

Tar éis céim phíolótach an chláir athbhreithnithe a thabhairt i gcrích in 2022, thug OPR faoi athbhreithnithe ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ar Chomhairle Contae Uíbh Fhailí. Cuireadh an dá phróiseas athbhreithnithe sin i gcrích agus foilsíodh tuarascálacha athbhreithnithe le linn 2023. Tá imlíne de na príomhthorthaí ó athbhreithnithe Phort Láirge agus Uíbh Fhailí ar fáil níos déanaí sa rannán seo. Ina theannta sin, tionscnaíodh athbhreithnithe ar Chomhairle Chontae na Mí agus ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas le linn 2023.

## Athbhreithnithe le haghaidh 2023



## Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Ba é seo an cúigiú hathbhreithniú a rinne OPR agus foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí Mheán Fómhair 2023.

Fuarthas amach leis an athbhreithniú go bhfuil Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag seachadadh a príomhfheidhmeanna reachtúla go héifeachtach, agus laistigh de raon na dtreochtaí náisiúnta feidhmíochta a bhfuil coinne leo. Próiseáiltear beagnach 1,000 iarratas pleanála go bliantúil. Chuir an Chomhairle maoiniú ar leataobh le haghaidh tionscadail athghiniúna agus níor cuireadh an oiread airgid ar fáil riamh cheana. Glacadh plean nua forbartha in 2022 tar éis obair mhór a dhéanamh leis an bpobal agus le comhaltaí tofa.

Rinne OPR deich gcinn de mholtaí sa tuarascáil athbhreithnithe. Seo roinnt de na moltaí uileghabhálacha:

- **Tionscadail ghníomhachtaithe talún:** ag forbairt ar an gcur chuige forghníomhach atá ann cheana maidir le tionscadail speisialta, moladh go mbunódh an Chomhairle acmhainní tiomanta sa rannóg pleanála chun tionscadail ghníomhachtaithe láithreáin a chomhordú. Cuireadh an moladh sin i bhfeidhm ó shin i leith trí fhoireann a bhunú ar a bhfuil sé de chúram bainistíocht ghníomhach talún a sheachadadh, lena n-áirítear láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha;
- **Acmhainní a chur ar fáil go straitéiseach:** moladh go ndéanfaí meastóireacht inmheánach maidir le hacmhainneacht na rannóige pleanála agus na rioscaí atá os a comhair, chun eolas a thabhairt don Chomhairle maidir lena riachtanais chun acmhainní a chur ar fáil go straitéiseach;
- **Bainistíocht forbartha:** go gcuirfí roinnt tionscnaimh bheaga i bhfeidhm ionas go mbeidh na tionscadail níos láidre;
- **Forfheidhmiú pleanála:** lucht pearsanra tiomanta a shannadh chun seachadadh chlár oibre forfheidhmithe na Comhairle a bhrú chun cinn, lena n-áirítear monatóireacht fheabhsaithe agus tuairisciú ar ghníomhaíocht.



Droichead Rose Fitzgerald Kennedy, Co. Phort Láirge

## Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Cuireadh an séú hathbhreithniú de chuid OPR i gcrích agus foilsíodh é i mí na Samhna 2023.

Fuarthas amach leis an athbhreithniú go bhfuil Comhairle Contae Uíbh Fhailí ag seachadadh a príomhfheidhmeanna reachtúla go héifeachtach, agus laistigh de raon na dtreochtaí náisiúnta feidhmíochta a bhfuil coinne leo.

Tríd is tríd, fuarthas san athbhreithniú go bhfeidhmíonn an Chomhairle córais agus nósanna imeachta éifeachtacha, láidre le linn di a feidhmeanna pleanála reachtúla a chomhlíonadh. Agus a feidhm oidhreachta ailtireachta á seachadadh aici, meastar go bhfuil réamhghníomhaíocht agus nuálaíocht na Comhairle 'an-éifeachtach'.

Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil an tionchar dearfach atá ag foireann thiomanta ailtireachta, oidhreachta agus caomhnaithe na Comhairle a oibríonn go dlúth le pleanálaithe sna foirne réamhphleanála, bainistíochta forbartha agus athghiniúna. Chothaigh an fhoireann cultúr comhoibrithe, agus iad ag obair le rannóga eile ar fud na Comhairle, le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, pobail áitiúla agus úinéirí maoine.

Rinne OPR deich gcinn de mholtaí le Comhairle Contae Uíbh Fhailí sa tuarascáil athbhreithnithe, lena n-áirítear:

- **Tionscadail ghníomhachtaithe talún:** Ba cheart don Chomhairle tús áite a thabhairt d'acmhainní breise don rannóg pleanála;
- **Monatóireacht agus cur i bhfeidhm:** Ba cheart don Chomhairle córas cuimsitheach monatóireachta a thabhairt isteach chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm chuspóirí beartais an phlean reachtúil;
- **Acmhainní a chur ar fáil don fheidhm forfheidhmithe:** Ag glacadh leis an méid cásanna forfheidhmithe atá ann cheana agus atá ag dul i méid agus atá á bpróiseáil / ar feitheamh lena bpróiseáil, ba cheart don Chomhairle foireann forfheidhmithe thiomanta a shainaithint, chun dul chun cinn an fhorfheidhmithe a bhrú chun cinn.



Droichead na Sionainne, Co. Uíbh Fhailí

## Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Tar éis athbhreithniú ar bith, leanann OPR ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis na moltaí atá déanta acu chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

Le linn 2023, lean OPR i mbun monatóireachta ar dhul chun cinn i dtaca leis na hathbhreithnithe uile a cuireadh i gcrích maidir le húdaráis áitiúla roimhe seo.



***Is féidir féachaint ar mhaoirseacht agus monatóireacht mar mhodh chun a chinntiú go bhfuil na hionchuir (córais, nósanna imeachta, agus beartais náisiúnta), gníomhaíochtaí (forfheidhmiú, pleanáil forbairtí agus bainistíocht), aschuir (pleananna forbairtí ullmhaithe, cásanna ar déileáladh leo) agus sa deireadh déantar aschuir (forbairt ar an talamh) a ailíniú chun spriocanna inmhianaithe an bheartais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil a bhaint amach.***

Tá cur i bhfeidhm mholtaí OPR ríthábhachtach chun sláine an phróisis a chinntiú. Baintear seo amach trí chur chuige céimnithe a ghlacadh. Nuair atá athbhreithniú faoi leith i gcrích, leanaimid ag obair leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go gcuirtear na moltaí i bhfeidhm. Déantar an mhonatóireacht seo ag eatraimh sé mhí.

Go ginearálta, tugann an mhonatóireacht a dhéanann OPR le fios go bhfuil moltaí athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm, nó go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu, ar fud na n-údarás áitiúil éagsúla. Cuirtear i dtábhacht freisin leis an monatóireacht ar na dúshláin atá roimh roinnt rannóga pleanála maidir le hacmhainní a chur ar fáil, agus bíonn impleachtaí dá bharr sin aige sin chun moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Táimid ag leanúint ag déanamh monatóireachta ar athbhreithnithe na n-údarás áitiúil mar seo a leanas:

- **Comhairle Contae Thiobraid Árann** – rinneadh dul chun cinn ar an nuashonrú dul chun cinn 24 mí;
- **Comhairle Contae Lú** – rinneadh dul chun cinn ar an nuashonrú dul chun cinn 24 mí;
- **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** – cuireadh an nuashonrú 18 mí ar dhul chun cinn i gcrích; agus
- **Comhairle Contae Chill Dara** – cuireadh an nuashonrú dul chun cinn 12 mhí i gcrích.

## 3.2 Moltaí Athbhreithniú an Bhoird Pleanála a Chur Chun Feidhme

Rinne OPR athbhreithnithe spriocdhírithe ar fheidhmiú an Bhoird Pleanála le linn 2022, a rinneadh thar dhá chéim agus fuarthas cúnamh ó shaineolaithe seachtracha a bhfuil taithí acu. Bhí an bhéim i bpróiseas an athbhreithnithe ar iniúchadh a dhéanamh ar stóinseacht agus éifeachtacht na gcleachtas cinnteoireachta, ar eagrú na hoibre, ar shocruithe rialachais agus ar láimhseáil cáschomhad, chomh maith le tuairisciú a dhéanamh ar cheisteanna struchtúrtha ábhartha ní ba leithne.

Cuireadh dhá thuarascáil ar leith i dtoll a chéile de thairbhe an phróisis sin inar sonraíodh 34 moladh fadréimseach. I measc na moltaí seo tá bearta a dearadh chun acmhainn a fheabhsú cinntí tráthúla stóinseachta a sheachadadh, bainistíocht chorparáideach a fheabhsú agus socruithe a fheabhsú le haghaidh rialachas inmheánach agus trédhearcacht i nósanna imeachta. D'oibrigh OPR leis an mBord Pleanála i gcaitheamh 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí san athbhreithniú, agus leanann sé á dhéanamh sin le linn 2024.

Aithnítear i monatóireacht OPR go dtí deireadh 2023 go ndearnadh dul chun cinn suntasach agus gur cuireadh cuid mhaith moltaí i bhfeidhm, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Acmhainneacht a thabhairt ar ais ar leibhéal boird laistigh den eagraíocht chun an t-ualach cásanna leanúnach a láimhseáil. In 2023, cuireadh bord leathnaithe 15 chomhalta i bhfeidhm (suas ó chúigear tráth an athbhreithnithe), rud a thug deis don Bhord Pleanála dul chun cinn a dhéanamh ar an riaráiste comhad pleanála.
- Baineadh go buan an sásra ina gceadaítear cruinnithe boird le córam beirt chomhaltaí.
- Tugadh Cód Iompair nua isteach, bunaithe ar threoirphrionsabail a sainaithníodh in athbhreithniú OPR, agus ceapadh Oifigeach Eitice tiomnaithe.
- Bunaíodh aonad dlíthiúil nua go hinmheánach chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le feabhas agus forbairt a dhéanamh ar na nósanna imeachta cinnteoireachta inmheánacha chun a chinntiú go bhfuil próisis thar a bheith láidir i dtéarmaí trédhearcachta agus cothroime.
- Díríodh as an nua ar fhorbairt, feidhmíocht agus ar chumarsáid inmheánach na foirne chomh maith le cumarsáid sheachtrach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

Ní mór an dul chun cinn mór a rinneadh i dtaca le hearcaíocht foirne a aithint freisin. Cé go bhfuil earcaíocht ag leanúint ar aghaidh, ceadaíodh os cionn 100 post nua ó cuireadh athbhreithniú OPR ar bun. Tá os cionn 250 ball foirne, lena n-áirítear comhaltaí boird, ag obair anois leis an mBord Pleanála agus tá coinne leis go mbeidh os cionn 300 ball foirne ar an iomlán ag obair ann le linn 2024.

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach, tá imní mhór i gcónaí faoin éifeacht atá ag an riaráiste comhad pleanála ar fheidhmiú foriomlán an phróisis pleanála agus na páirtithe leasmhara ar a bhfreastalaíonn sé.

Leanann OPR ag obair leis an mBord Pleanála agus le DHLGH chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna a aithníodh tríd an bpróiseas athbhreithnithe trí chur i bhfeidhm leanúnach mholtaí an athbhreithnithe.

## 3.3 Feidhmíocht Náisiúnta Pleanála – Faisnéis Mhíthreorach in Iarratais Phleanála

Leagtar amach in Alt 31P(1) den Acht feidhmeanna OPR maidir le maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí pleanála éifeachtacha don phobal agus maidir le tuairimí a thabhairt don Aire maidir le nithe iomchuí.

Maidir leis sin, an tsaincheist maidir le faisnéis mhíthreorach a bheith á cur in iarratais phleanála, go bunúsach ar mhaithe le feabhas a chur ar na seansanna maidir le cead pleanála a fháil, is díol imní é sin do OPR. Fágann iompar den sórt sin go bhféadfaí an bonn a bhaint de mhuinín an phobail i gcothroime agus i gcomhleanúnachas foriomlán an phróisis pleanála. Bíonn muinín an phobail sa chóras pleanála ag brath ar iontaoibh i nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla ach freisin ar an ionchas a bhíonn ann nach mbronnfar ceadanna bunaithe ar fhaisnéis bhréagach a chuireann iarratasóirí ar fáil.

Chun scrúdú a dhéanamh ar an gceist, rinne OPR suirbhé spriocdhírithe ar údaráis áitiúla maidir lena bhfeasacht agus lena dtaithí ar fhaisnéis bhréagach a bheith á cur in iarratais phleanála a chuirtear isteach agus maidir lena gcuid tuairimí faoi conas aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. As an 31 údarás áitiúil, thug 16 (52%) freagra ar an suirbhé.

Príomhthorthaí:

- Thug na húdaráis go léir a thug freagra le fios go mbíonn fadhbanna le faisnéis mhíthreorach, agus thug dhá údarás (13%) le fios gur rud é a tharlaíonn níos minice anois;
- Ní raibh na húdaráis a thug freagra ar aon intinn gur mhó seans a bheadh ann go ndiúltófaí do chead pleanála ar bhonn imní faoi fhaisnéis bhréagach;
- Mheas formhór na n-údarás a thug freagra nach dtugann an cód pleanála reachtúil dóthain cumhachta dóibh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le faisnéis mhíthreorach, agus 13 de na 16 údarás a thug freagra (81%) den tuairim sin.

Mar achoimre, tugtar le fios leis na freagraí a fuarthas gur féidir le ceist a bheith ann maidir le faisnéis bhréagach a bheith á cur isteach ag daoine nuair a thugann siad doiciméid mar thaca lena n-iarratais phleanála, agus gur rud dúshlánach é sin d'údaráis a rialú.

Anuas air sin, dhealródh sé go gcaitheann pleanálaithe acmhainní móra agus go leor ama ag iarraidh doiciméid a chuirtear isteach le hiarratais a fhíorú le linn dóibh iarratais phleanála a mheas.

Mhol na húdaráis a thug freagra raon beart a d'fhéadfadh cuidiú chun aghaidh a thabhairt air sin, lena n-áirítear:

- Go dtabharfadh DHLGH treoir ina soiléirítear raon feidhme na n-údarás faoi na forálacha reachtúla atá ann faoi láthair chun faisnéis bhréagach in iarratais phleanála a bhfuiltear amhrasach fúithi a láimhseáil.
- Go ndéanfaí machnamh ar a chur de cheangal ar iarratasóirí pleanála dearbhuithe reachtúla a thabhairt. Agus go ndéanfaí machnamh ar phionóis a thabhairt isteach, lena n-áirítear fíneálacha móra, de bharr faisnéis mhíthreorach nó faisnéis bhréagach a chur isteach nuair a bhíonn iarratais á ndéanamh.
- Go dtabharfaí raon feidhme chun ceadanna a aisghairm le haghaidh forbairtí nach bhfuil tosaithe i dtosca inar tugadh faisnéis bhréagach san iarratas, agus go bhfaightear amach é sin ina dhiaidh sin.

- Go gcuirfí feachtas náisiúnta feasachta poiblí i bhfeidhm ina gcuirfí i dtábhacht an tábhacht atá leis go dtabharfadh iarratasóirí faisnéis chruinn, rud a tharraingeodh aird freisin go bhféadfaí ionchúiseamh de bharr calaoise a lorg i gcás ina meastar go raibh sé beartaithe ag iarratasóir airgead a dhéanamh as dallamullóg a chur ar dhaoine eile.

Thuairiscigh OPR don Aire, agus thug sé cuntas ar thorthaí an tsuirbhé agus mhol sé gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht go ndéanfaí calaois sa phróiseas pleanála agus go ndearbhófaí do na hiarratasóirí uile go gcaithfí leo ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach go náisiúnta. Cé go bhfuil cionta calaoise taobh istigh de raon feidhme an chórais ceartais choiriúil, d'fhéadfaí cur leis an eolas atá ag údaráis áitiúla ar conas cásanna den sórt sin a láimhseáil.

Cuireadh i dtábhacht freisin na cosúlachtaí idir iad sin lena bhféadfaí faisnéis a bhréagnú d'aon toil chun airgead a dhéanamh as toiliú pleanála fabhrach agus daoine aonair a dhéanfadh iarracht teacht i dtír ar an bpróiseas achomharc pleanála ar mhaithe lena leas pearsanta féin. Is saincheisteanna iad sin atá fite fuaite ina chéile. Is é bun agus barr an scéil ná go mbaintear mí-úsáid as an gcóras pleanála chun leas pearsanta a bhaint as agus daoine eile siar leis. Tarraingítear imní anuas maidir le cúrsaí ceartais choiriúil leis an dá cheann agus an dá rud freisin ina masla do phrionsabal an leasa choitinn arb é is bun leis an bpróiseas pleanála.

Má táthar chun gníomhaíochtaí iomchuí a chur i bhfeidhm teastóidh tiomantas earnáil pleanála an rialtais chomh maith le hionchur ón gcóras ceartais choiriúil. Leanfaidh OPR ag obair le DHLGH chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol atá ann go n-iompróidh daoine iad féin go mímhacánta chun an bonn a bhaint de mhuinín an phobail i gcothroime fhoriomlán an phróisis pleanála.

## 3.4 Láimhseáil Cásanna

Cé go gcuireann alt 31AU den Acht go sonrach ar a gcumas do OPR gearáin faoi údaráis áitiúla a scrúdú, cuirimid béim ar chabhrú leis an bpobal maidir le gach ní a bhaineann le pleanáil a tharraingítear anuas linn. Is é cuspóir OPR a bheith ina ghlór neamhspleách ag croílár an chórais pleanála, ag déanamh ionadaíochta don leas poiblí. Ina leith seo, déanaimid iarracht seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do chustaiméirí a chuireann comhfhreagras chugainn.

Cuireann OPR seirbhís ar fáil don phobal maidir le cineálacha éagsúla cásanna a bhaineann le pleanáil, rud lena múnlaítear ár bhfeidhm láimhseála cásanna:

- **Fiosruithe** nó iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta, a lorgaíonn soiléiriú de ghnáth faoi conas a fheidhmíonn gné faoi leith den chóras pleanála.
- **Aighneachtaí** ar ghnéithe d'fheidhmiú an phróisis pleanála, ag tarraingt aird go minic ar shaincheisteanna a bhaineann le beartas náisiúnta pleanála nó forálacha reachtúla agus is minic a léirítear iad le cás-staidéir nó fianaise eile.
- **Pléitear le gearáin** , atá níos casta de ghnáth, ar bhealach níos mionsonraí thíos.

Déanann OPR athbhreithniú stuama ar an gcomhfhreagras go léir a fhaightear chun a méar a leagan ar théamaí a thagann aníos arís is arís, agus tugtar léargas leis sin ar an imní atá ar an bpobal faoi chúrsaí pleanála. Ní hamháin go gcuireann an fhaisnéis sin bonn eolais faoinár dtuairisciú don Aire maidir le héifeachtacht phróiseas pleanála na hÉireann, ach cabhraíonn sí chun ár gcláir oideachais agus oiliúna a mhúnlú, mar aon lenár dtionscnaimh thaighde.

Le linn 2023, d'oscail OPR 148 cás nua maidir le raon leathan ceisteanna pleanála. Cé nár osclaíodh an oiread cásanna le blianta roimhe seo bhí méadú ar líon na gcásanna arbh éigean iad a bhreithniú go foirmiúil i gcomhréir le forálacha alt 31AU den Acht.

**148** **Cásanna a fuarthas**

**Fíor 9** | Cásanna a Fuarthas 2023

Is léir é sin tríd an 34 réamhscrúdú a rinneadh i gcomparáid le 19 in 2022.

Cé nach gcomhlíonfaidh ach céatadán na gcásanna a fhaightear an tairseach i gcomhair scrúdú in aon bhliain amháin i gcomhréir leis na forálacha reachtúla, breithníonn OPR go mionsonraithe gach uile cheist a tharraingítear anuas. Is é is aidhm leis sin seirbhís custaiméirí den chéad scoth a sholáthar trí shaincheisteanna imní a shoiléiriú agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an córas pleanála.

Cé go mbítear in ann réiteach simplí a fháil ar chásanna áirithe, baineann mionsonraí teicniúla leathana agus casta le cuid mhór acu, agus d'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith de dhíth chun an toradh is fearr a bhaint amach.

**740**

**líne faoi leith comhfhreagrais a bhain le cásanna in 2023**


| 750 | 710 | 500 |
|---|---|---|
| 2022 | 2021 | 2020 |

**Fíor 10** | Comhfhreagras ó Chustaiméirí 2023

Chun cásanna a phróiseáil, go háirithe gearáin, is minic a éilítear leis na bearta a bhíonn i gceist, sraith comhfhreagrais leis an ngearánach agus leis an údarás áitiúil ábhartha araon. Cinntítear leis an gcur chuige cuimsitheach sin go bhfuil tuiscint bheacht ar chomh casta leis na cásanna agus éascaítear réitigh éifeachtacha.

Is léiriú ar an méid oibre atá i gceist é an fhíric, cé gur oscail OPR 148 cáschomhad in 2023, go raibh timpeall 740 comhfhreagras aonair le custaiméirí i gceist leis seo (i gcomparáid le timpeall 750 in 2022, 710 in 2021, 500 in 2020 agus 250 sna naoi mí oibriúcháin in 2019).

Cé gur dtarraingíonn baill den phobal saincheisteanna éagsúla anuas, baineann mórán acu seo le hábhair lasmuigh de scóip shainchúram OPR. Ina measc seo bhí cásanna a cuireadh faoi bhráid údaráis áitiúla agus/nó an Bhoird Pleanála lena gcinneadh nó cásanna a cuireadh ar aghaidh cheana féin chuig comhlachtaí poiblí eile faoi shainordú.




**Fíor 11** | Cásanna OPR 2023

## Scrúdú ar Ghearáin

Táimid tiomanta sásra cothrom agus neamhspleách a chur ar fáil chun gearáin a scrúdú agus beimid i dteagmháil agus cabhróimid, an oiread agus is féidir, leo siúd a chuireann gearáin isteach chugainn. Trínár bhfeidhm gearán, déanaimid iarracht feabhsuithe a chur ar an gcóras pleanála, lena n-áirítear léargais a roinnt agus aird a tharraingt ar fheabhsuithe cleachtais ar fud na n-údarás áitiúil.

Ina leith sin, socraíonn an tAcht tairseach ard do ghearán a bheith á scrúdú go foirmiúil ag OPR.

Ar dtús, le go n-aithneofar gearán a bheith bailí, ní mór dó a bheith ag baint le heagrú an údaráis áitiúil ábhartha agus leis na córais agus nósanna imeachta a úsáideann sé maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht.

Ba cheart do chustaiméirí iarracht a dhéanamh ar dtús a ngearán a réiteach leis an údarás áitiúil ábhartha trí shásraí athbhreithnithe foirmiúla nó trína nós imeachta inmheánach um ghearáin roimh theagmháil a dhéanamh le OPR. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ár leathanach faoi ghearáin.[9]

Tá sé tábhachtach a rá go bhfuil feidhm láimhseála gearán OPR difriúil le sásraí láimhseála gearán eile cosúil leo siúd a bhíonn ag na húdaráis áitiúla agus ag Oifig an Ombudsman.

9 https://www.opr.ie/eolas-maidir-le-gearain/?lang=ga


Nuair a bhreithnítear gearán a bheith oiriúnach dár sainchúram reachtúil déanfaimid réamhscrúdú ar na nithe a luaitear. Is é atá i gceist leis seo faisnéis ábhartha a bhailiú, lena n-áirítear ón údarás áitiúil atá i gceist.

Sa chás go seastar le gearán tar éis dúinn na nithe a luaitear a bhreithniú, eiseoimid moltaí don údarás áitiúil chun feabhsuithe a chinntiú ar an mbealach ina seachadann siad a seirbhísí pleanála. Chomh maith leis sin, sa chás nach seastar le gearáin, féadfaimid fós comhairle a chur ar fáil nó dea-chleachtas a chomhroinnt ó údaráis áitiúla eile chun foghlaim chomhroinnte agus feabhsuithe a chothú.

## Gníomhaíocht Láimhseála Gearán

As an 89 gearán a fuarthas le linn 2023, rinne OPR réamhscrúdú ar 36 gearán. Is mar seo a leanas a bhí torthaí na gcásanna:

- Seasadh le naoi ngearán;
- Réitíodh gearán amháin agus tugadh cúnamh ina leith;
- Níor seasadh le 26 gearán.




**Fíor 12** | Gearáin OPR 2023

### Líonra um Chaighdeáin Gearán

Bhunaigh OPR, i gcomhar le hOifig an Ombudsman, líonra um chaighdeáin gearán chun fóram a sholáthar d'eagraíochtaí Stáit a bhfuil ról acu féachaint ar ghearáin maidir le seachadadh seirbhísí poiblí.

Is é is cuspóir don líon éascaíocht a dhéanamh do chumarsáid fheabhsaithe idir na ball-eagraíochtaí maidir lena bhfeidhmeanna láimhseála gearán. A bhuí don líonra éascaítear malartú eolais agus cuirfear deiseanna ar fáil do na comhaltaí chun a gcuid saineolais a roinnt, foghlaim óna chéile agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí comhoibrithe i bpríomhréimsí amhail láimhseáil ghinearálta gearán, próisis i gcomhair scrúdú, agus cumarsáid le páirtithe leasmhara.

Rannchuidíonn an teagmháil a éascaítear tríd an líonra seo le cleachtais agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe do na ball-eagraíochtaí uile ag próiseáil agus ag scrúdú gearán. Bhuail an líonra le chéile ar bhonn tréimhsiúil i gcaitheamh 2023 agus i gcomhar lenár dteagmháil rialta le hOifig an Ombudsman, leanfaimid ag obair le chéile ar feadh 2024.


## 3.5 Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna

### Cineál Custaiméara

Baill den phobal ba ea iad líon mór de na custaiméirí a chuir cásanna isteach chuig OPR in 2023. Chomh maith leis sin, lorg lucht sainleasa tráchtála, ionadaithe tofa, eagraíochtaí neamhrialtais, grúpaí sainleasa, chomh maith le heagraíochtaí stáit eile cabhair ó OPR le linn 2023. Tá an miondealú ar chustaiméirí de réir cineáil le fáil anseo.

**Tábla 7 | Miondealú ar Chustaiméirí de réir Cineáil**

| An Treocht maidir le Láimhseáil Cásanna | Líon |
|---|---|
| **Ball den phobal** | 91 |
| **Tráchtáil** | 35 |
| **Eagraíocht neamhrialtais/ Sainghrúpa leasa** | 15 |
| **Polaitiúil** | 4 |
| **Údarás áitiúil** | 2 |
| **Eagraíocht Rialtais** | 1 |
| **Iomlán** | **148** |




**Fíor 13** | Custaiméirí OPR 2023


## Miondealú Geografach de réir Údarás Áitiúil

Léirítear raon geografach na gcásanna a fuarthas in 2023 i bhFíor 14. Bhí 120 cás a bhain le gearáin agus aighneachtaí ann le tagairtí geografacha in 2023. Tá an figiúr seo níos ísle ná an líon cásanna mar bhain mórán de na cásanna leis an gcóras pleanála go ginearálta, seachas le húdarás áitiúil nó ceantar faoi leith.

De ghnáth gineann údaráis áitiúla ina bhfuil daonra níos mó líon níos mó cásanna.

Léirítear na sonraí sin anseo thíos sa mhiondealú geografach ar ghearáin de réir údaráis áitiúil, agus údaráis áitiúla ar nós Chomhairle Contae Dhún na nGall, Chomhairle Contae Fhine Gall, Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag fáil an líon is mó gearán in 2023.

Chomh maith leis sin, is féidir le saincheist faoi leith roinnt cásanna a ghiniúint, amhail aighneachtaí ar CDP faoi leith, atá faoi réir athbhreithniú/comhairliúchán poiblí.




| Contae | Iomlán |
|---|---|
| Ceatharlach | 0 |
| An Cabhán | 3 |
| An Clár | 6 |
| Cathair Chorcaí | 4 |
| Contae Chorcaí | 4 |
| Dún na nGall | 12 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 3 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 6 |
| Fine Gall | 11 |
| Cathair na Gaillimhe | 12 |
| Contae na Gaillimhe | 4 |
| Ciarraí | 2 |
| Cill Dara | 3 |
| Cill Chainnigh | 0 |
| Laois | 0 |
| Liatroim | 0 |
| Luimneach | 10 |
| An Longfort | 0 |
| Lú | 3 |
| Maigh Eo | 5 |
| An Mhí | 3 |
| Muineachán | 0 |
| Uíbh Fhailí | 2 |
| Ros Comáin | 5 |
| Sligeach | 2 |
| Áth Cliath Theas | 1 |
| Tiobraid Árann | 1 |
| Port Láirge | 6 |
| An Iarmhí | 1 |
| Loch Garman | 4 |
| Cill Mhantáin | 7 |

**Fíor 14** | Miondealú Tíreolaíoch ar Ghearáin, Fiosruithe agus Aighneachtaí 2023

**Tábla 8 | Cásanna de réir na dTéamaí in 2023**

| Cásanna de réir na dTéamaí in 2023 | líon |
|---|---|
| Cásanna pleanála ar leith | 48 |
| Cúrsaí forfheidhmithe | 41 |
| Déanamh pleananna | 38 |
| Seirbhís do chustaiméirí | 29 |
| Fiosruithe teicniúla | 23 |
| Beartas náisiúnta | 18 |
| Eitic | 13 |
| Coinníollacha pleanála | 12 |
| Ról/feidhmeanna OPR | 10 |
| An Bord Pleanála | 9 |
| EIA / SEA / Treoir maidir le Gnáthóga | 8 |
| Forbairt na n-údarás áitiúil / Cuid 8 | 5 |
| Múnlaí soláthair na dtithe | 4 |
| Neamhbhailithe | 4 |
| Eile | 26 |

## Cásanna de réir na dTéamaí

Agus muid ag láimhseáil cásanna, déanaimid meas ar an gcomhfhreagras a fhaighimid go cúramach ar mhaithe leis na saincheisteanna pleanála a bhíonn ina n-ábhair imní don phobal a thuiscint. Ní hamháin go ndéanfaidh an mhonatóireacht a dhéantar ar an bhfaisnéis seo le himeacht ama bonn eolais a chur faoinár dtuairisciú don Aire ach, chomh maith leis sin, cuireann sí bonn eolais faoinár n-athbhreithnithe, faoinár ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, mar aon lenár gclár taighde.

Cuireann rannpháirtíocht OPR le baill den phobal maidir le feidhmiú an chórais pleanála léargais luachmhara ar fáil ar a gcuid eispéireas, rud atá in ann bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí níos leithne OPR, fiú mura mbíonn scrúduithe foirmiúla mar thoradh ar na cásanna aonair.

D'eascair roinnt téamaí soiléire as na cásanna a láimhseálamar i gcaitheamh na bliana 2023, atá léirithe i dTábla 8. Is minic leis na téamaí is coitianta a bheith dírithe ar shaincheisteanna inar féidir leis OPR cúnamh a thabhairt do chustaiméirí trí fheidhmiú an chórais pleanála a shoiléiriú agus trí chomhairle a thabhairt maidir leis na conairí iomchuí trínar féidir oibriú leis an gcóras. Rud ar ndóigh a bhféadfadh coinne a bheith leis, nach saincheisteanna a thagann chun cinn go minic arís is arís iad nithe a ndéanann OPR scrúdú foirmiúil orthu.

Cuireadh barúlacha isteach maidir le hiarratais phleanála ar leith agus ba mhinic leis sin tarlú le linn 2023. Níl ról ag OPR maidir le hiarratais phleanála aonair, ach cinnteoimid mar sin féin go mbeidh treoir chuí ag custaiméirí i gcónaí maidir leis an bpróiseas bainistíochta forbartha.

Cruthaíodh líon mór comhfhreagrais freisin mar gheall ar an imní a bhí i measc an phobail maidir le forfheidhmiú pleanála. Bhain cion mór de na cásanna a tarraingíodh anuas le cásanna sonracha d'fhorbairt neamhúdaraithe agus nár bhain le saindualgas OPR dá bhrí sin. Toisc gur ceisteanna iad sin don údarás áitiúil ábhartha féachaint le gníomhaíocht forfheidhmithe a chur chun cinn i gcás inarb iomchuí. Díríonn OPR le linn dó cúrsaí forfheidhmithe a bhreithniú ar cibé atá córais agus nósanna imeachtaí iomchuí i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun a bhfeidhm forfheidhmithe fhoriomlán a sheachadadh.

Chruthaigh an próiseas déanta pleananna reachtúla leibhéil mhóra comhfhreagrais freisin ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile le linn 2023. Chuige sin, tá ról neamhspleách ag OPR maidir le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar dhréachtphleananna forbartha chun a chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach le beartas agus reachtaíocht pleanála náisiúnta agus réigiúnach. Dá réir sin, ní chuireann OPR aighneachtaí san áireamh a d'fhéadfaí a fháil ó pháirtithe leasmhara maidir le pleananna áirithe a dhéanamh ach soláthrófar soiléireacht maidir leis na próisis lena mbaineann.



An Seancheann, Co. Chorcaí

## 3.6 Cás-Staidéir: Gearáin a d'Fhiosraigh OPR

Faigheann OPR lear mór comhfhreagrais óna chustaiméirí maidir le cúrsaí pleanála gach bliain. I gcás ina dtarraingítear anuas gearáin i gcomhréir le forálacha alt 31AU den Acht, déanfaidh OPR réamhscrúdú ar na nithe córasacha nó nós imeachta a sainaithníodh. Tugann na cás-staidéir seo a leanas ó 2023 léargas ar an scrúdú foirmiúil a rinne OPR ar ghearáin agus an ról atá ag feidhm láimhseála gearán OPR maidir le feidhmíocht na n-údarás áitiúil.

Nuair a scrúdaíonn OPR gearán, oibrímid leis an údarás áitiúil chun an cás a chur ina cheart agus chun aon fhadhbanna a réiteach a luaithe agus is féidir. Bíodh agus nach seastar le gach gearán a bhíonn faoi réir scrúdaithe, oibríonn OPR mar sin féin le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí go leanúnach chun feabhas a chur ar na leibhéil seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal tríd an gcóras pleanála.

# Cás-Staidéar 1

## Gearán nár seasadh leis:
## Ceanglas maidir le sínithe ar thuarascálacha pleanála

### Achoimre ar an ngearán

Tarraingíodh anuas an gearán seo maidir leis na ceanglais i ndáil le tuarascálacha pleanála atá á síniú ag foireann na rannóige pleanála agus na nósanna imeachta lena gceadaítear toscaireacht fhoirmiúil a fháil ó phríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil chun cinntí pleanála a cheadú. Tarraingíodh anuas an t-ábhar nós imeachta foriomlán a raibh imní ar OPR maidir leis i gcomhthéacs tuarascáil pleanála ar leith ar áitigh an gearánach nach raibh ainm curtha go cuí ag aon duine léi.

### Anailís agus torthaí

Moltar i roinn 6.3 de na Treoirlínte Bainistíochta Forbartha d'Údaráis Phleanála go gcuirfeadh an duine a d'ullmhaigh an tuarascáil a ainm léi go soiléir. Cé nár chuir an pleanálaí a d'ullmhaigh an tuarascáil sa chás pleanála áirithe seo a cuireadh faoi bhráid OPR a ainm léi, ba léir ó sheiceáil ar thuarascálacha pleanála ó shuíomh gréasáin an údaráis gur aimhrialtacht a bhí i síniú an phleanálaí sa chás a bheith ar iarraidh, i dtéarmaí an ghnáthchleachtais atá acu.

Maidir le sínitheoirí eile na tuarascála pleanála, lena n-áirítear an cinneadh a moladh inti, níl sé riachtanach go n-ainmneofaí na hoifigigh sin faoi thoscaireacht ón bpríomhfheidhmeannach (mar a fhorordaítear in alt 154 den Acht Rialtais Áitiúil). Baineann an ceanglas le haghaidh toscaireacht ón bpríomhfheidhmeannach le cinneadh pleanála an údaráis áitiúil in ionad baint a bheith aige le hullmhú tuarascála pleanála.

### Cinneadh

Toisc gurbh léir gur aimhrialtacht a bhí ann nár chuir pleanálaí cáis ainm leis an tuarascáil sa chás áirithe seo, níor seasadh leis an ngearán seo.

# Cás-Staidéar 2

## Gearán ar Seasadh leis:
## Aighneachtaí tríú páirtí maidir le hiarratais phleanála a phróiseáil

### Achoimre ar an ngearán

Bhain an cás seo le haighneacht tríú páirtí maidir le hiarratas pleanála a rinneadh taobh istigh den tréimhse reachtúil ach nár breithníodh sa phróiseáil a rinne an t-údarás ar an iarratas pleanála. Cé gur tarraingíodh an cás anuas le OPR i gcomhthéacs iarratais pleanála shonraigh, bhain an cheist a bhí faoi ábhar le nós imeachta, rud a d'fhág gur bhain an gearán le ceann lena raibh feidhm ag forálacha alt 31AU.

### Anailís agus torthaí

Ceanglaítear le halt 34(3)(b) den Acht ar údaráis áitiúla aon tuairimí bailí ó thríú páirtithe a fhaightear a chur san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar iarratas pleanála. Dar leis na Treoirlínte Bainistíochta Forbartha is cuid thábhachtach de chóras pleanála oscailte trédhearcach iad tuairimí ó thríú páirtithe. Deirtear iontu freisin go bhfuil sé riachtanach aighneachtaí a thaifeadadh agus go mbreithnítear na saincheisteanna a tharraingítear anuas laistigh den tuarascáil pleanála.

Soiléiríodh i scrúdú OPR go raibh sa chás áirithe seo, aighneacht an tríú páirtí bailí agus go ndearnadh é ar an mbealach ceart, agus gur tógadh táille, etc., ag ceann d'oifigí áitiúla an údaráis. Ina dhiaidh sin, cuireadh an aighneacht ar ríomhphost chuig roinnt daoine sa rannóg pleanála. Toisc gur cuireadh an aighneacht ar aghaidh ar bhonn ginearálta, ní raibh aon duine freagrach go sonrach as í a phróiseáil. Mar gheall air sin ní raibh an aighneacht ar chomhad tráth ar bhreithnigh pleanálaí na Comhairle mionsonraí an cháis agus le linn dó cinneadh molta a ullmhú.

Shoiléirigh an t-údarás áitiúil go raibh na nósanna imeachtaí chun aighneachtaí tríú páirtí a phróiseáil tugtha cothrom le dáta chun a chinntiú go gcuirtear na haighneachtaí uile ar aghaidh chuig cuntas ríomhphoist ar leith lena bpróiseáil in ionad iad a chur ar aghaidh chuig baill foirne aonair. Deimhníodh freisin go ndearnadh tairiscint don ghearánach go n-aisíocfaí na táillí a bhain leis an gcás seo ar ais leis.

### Cinneadh

Leagtar amach san Acht nach mór d'údaráis áitiúla aird a bheith acu ar aon tuairimí bailí a fhaightear ó thríú páirtithe le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas pleanála. Ag glacadh leis nach raibh nósanna imeachta an údaráis áitiúil sách láidir chun a chinntiú gur próiseáladh an aighneacht ón tríú páirtí i gceart sa chás seo, seasadh leis an ngearán seo.

Mar gheall ar athbhreithniú forghníomhach na Comhairle ar nósanna imeachta inmheánacha ionas nach dtarlódh a leithéid de rud arís, agus mar gheall ar an teagmháil a rinneadh chun na táillí a aisíoc leis an tríú páirtí, níor measadh gur ghá aon mholadh foirmiúil a eisiúint ó OPR maidir leis an gcás seo.

# Cás-Staidéar 3

## Gearán ar Seasadh leis:
## Na nósanna imeachta chun fógra a thabhairt do thríú páirtithe maidir le cinntí Chuid 8

### Achoimre ar an ngearán

Bhain an cheist a tarraingíodh anuas sa chás seo leis na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údarás áitiúil chun fógra a thabhairt do thríú páirtithe faoi chinntí ar thograí forbartha 'Chuid 8'[10] i gcomhréir leis an gcód reachtúil. Bhain an togra forbartha le tionscadal tithíochta cónaithe de chuid údaráis áitiúil. Bhí roinnt páirtithe, lena n-áirítear áitritheoirí áitiúla, a rinne aighneachtaí maidir leis an togra forbartha nár insíodh dóibh gur cheadaigh an t-údarás áitiúil an togra sa deireadh thiar.

### Anailís agus torthaí

Leis an gcód reachtúil bíonn coinne leis i gcás ina ndéanann tríú páirtithe aighneachtaí ar thograí Chuid 8, go gcuirfí ar an eolas iad faoi chinneadh an údaráis áitiúil taobh istigh de thréimhse ama ar leith. Sa chás seo, níor cuireadh tríú páirtithe ar an eolas go cuí maidir le toradh an phróisis comhairliúcháin a raibh siad rannpháirteach ann. Maidir leis sin, níor bhain an t-údarás áitiúil amach na caighdeáin a éilítear le halt 179 den Acht agus le Cuid 8 de na Rialacháin.

Mar chuid de scrúdú OPR ar an gcás seo, soiléiríodh go raibh próiseas Chuid 8 faoi bhainistíocht fhoireann seachadta tithíochta an údaráis áitiúil. Gan beann ar ról na foirne seachadta tithíochta sa tionscadal áirithe seo, is ceanglas é an nós imeachta chun tionscadail Chuid 8 a bhrú chun cinn atá leagtha amach sa chód pleanála. Dá réir sin, luíonn an fhreagracht leis an rannóg pleanála chun formhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar thograí agus a chinntiú go gcuirtear na céimeanna uile den phróiseas i bhfeidhm mar a cheanglaítear leis sa reachtaíocht.

### Cinneadh

Tá ceanglais reachtúla an chóid pleanála soiléir i dtaca leis na nósanna imeachta nach mór a chomhlíonadh maidir le fógra a thabhairt do thríú páirtithe faoi chinntí Chuid 8.

Toisc nár cloíodh leis na ceanglais sin sa chás seo agus, rud ríthábhachtach, nár cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar an ngné seo de phróiseas Chuid 8, seasadh leis an ngearán seo.

Tháinig moladh chun cinn ón scrúdú seo inar iarradh ar an rannóg pleanála san údarás a nósanna imeachta oibriúcháin a thabhairt chun dáta ionas nach dtarlódh sé arís nach n-eiseofaí na fógraí iomchuí do thríú páirtithe.

---

10 Forbairt arna déanamh ag údarás áitiúil.




# 4 Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail

- Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa
- Acmhainní le haghaidh Comhaltaí Tofa
- Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach
- Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha
- Ábhar Oideachais a Fhoilsiú d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus an Tionóil Réigiúnaigh agus Príomhpháirtithe Leasmhara Eile
- An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta
- Aschur Taighde OPR
- Sraith Bileog Pleanála
- Ag Éirí i do Phleanálaí
- Buail le Pleanálaí



## 4.1 Oideachas agus Oiliúint

### Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa (Comhairleoirí)

I gcomhréir le forálacha alt 31Q(1)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú ('an tAcht'), tugann Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) faoi chláir oideachais agus oiliúna le haghaidh comhaltaí tofa de chuid údaráis áitiúla i dtaca lena ról sa phróiseas pleanála. Treisítear é seo i Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise OPR 2019-2024, a deir go ndéanfaidh OPR "an nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh sin ar fad atá ina ngeallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas pleanála".

In 2023, d'fhorbair OPR, i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) clár oiliúna pleanála do chomhaltaí tofa, agus iad ag cur leis na cláir oiliúna a bhí ar siúl roimhe seo. Cuireadh ceithre imeacht oiliúna pleanála ar fáil do chomhaltaí tofa i gcaitheamh 2023. Glacadh cur chuige hibrideach i dtaca le seachadadh na n-imeachtaí oiliúna seo. Seachadadh trí cinn de na himeachtaí seo ar líne agus seachadadh an ceathrú ceann ar an láthair, ar dhá lá éagsúla sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí agus i gCaisleán an Chomair i gCo. Chill Chainnigh.

Chuir clár oiliúna 2023 oiliúint agus eolas cuimsitheach ar fáil do bhaill thofa maidir le hábhair thráthúla ábhartha a bhí ábhartha d'ullmhú pleananna reachtúla agus d'fheidhmeanna pleanála níos leithne na gcomhaltaí tofa. Fuair baill thofa cuir i láthair ar ardchaighdeán ó shainchainteoirí, agus tugtar tuilleadh sonraí fúthu anseo:

### Pleananna Ceantair Áitiúil a Ullmhú agus a Dhéanamh – Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe a Thiomáint

**Seachadadh an chéad imeacht oiliúna ar líne i mí Feabhra. Chuimsigh na cuir i láthair:**

- Forbhreathnú ar Phróiseas Ullmhúcháin an Phlean Ceantair Áitiúil agus Glúin Nua de Phleananna Ceantair Áitiúil a Fhorbairt do Chill Dara;
- Pleananna Reachtacha a Thabhairt ina mBeatha – Eispéireas Chomhairle Contae Chorcaí i ndáil le Daonra, Tithíocht agus Fás Post a Sheachadadh i gConair Oirthear Chorcaí; agus
- Pleananna Reachtacha agus na Deiseanna Maoinithe atá ar fáil d'Athnuachan Baile agus Sráidbhaile trí Chlár Infheistíochta Forbartha Tuaithe de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail a Nascadh.

### Éire a Nascadh agus Infheistíocht in Iompar Poiblí Tuaithe – Deiseanna don Athnuachan Tuaithe

**Seachadadh an dara himeacht oiliúna ar líne i mí Aibreáin. Seachadadh an oiliúint seo i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta iompair (NTA). Pléadh sna cuir i láthair:**

- Soláthar Iompair Phoiblí Tuaithe agus Tionscnaimh Reatha chun Iompar Poiblí Tuaithe a Leathnú in Éirinn – Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh;
- Seirbhísí Iompair Phoiblí Tuaithe Nua Éire a Nascadh a Chur i bhFeidhm; agus
- Pleanáil agus Cur i bhFeidhm Sheirbhís Iompair Baile Tuaithe.

## Forbhreathnú ar Reachtaíocht Pleanála Reatha agus atá ag Teacht chun cinn agus Treoir Bheartais

**Seachadadh an tríú himeacht oiliúna ar an láthair ar dhá lá ar leithligh i mí an Mheithimh. Seachadadh an oiliúint i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH). Chuimsigh na cuir i láthair:**

- Eispéireas OPR ar Phleananna Reachtacha a Athbhreithniú agus Príomhthreochtaí agus Saincheisteanna Athfhillteacha a Shainaithint;
- Impleachtaí an Bhille um Pleanáil agus Forbairt 2022 atá Beartaithe d'Údaráis Áitiúla; agus
- Nuashonrú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hAthchóiriú Reachtach agus Institiúideach, Forbairt Beartais agus Acmhainniú Údarás Áitiúil.


## Soláthar agus Pleanáil Fuinnimh a Chomhtháthú

**Seachadadh an ceathrú himeacht agus an t-imeacht deiridh de 2023 ar líne i mí Mheán Fómhair. Seachadadh an oiliúint i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Chuimsigh na cuir i láthair:**

- Aistriú Aeráide agus Fuinnimh na hÉireann a Phleanáil;
- Tionscadail Fuinnimh a Sheachadadh – Comhthéacs Rialála níos Leithne agus Rioscaí; agus
- Pleananna Fuinnimh agus Forbartha – Dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn.




*Sa phictiúr ag an imeacht oiliúna sa Mhuileann gCearr, (C-D) Niall Cussen, an Rialaitheoir Pleanála; Eugene Waters, Príomhoifigeach Cúnta na Rannóige Athbhreithnithe Pleanála, DHLGH; An Comhairleoir Patrick McGowan; agus Colin Ryan, Comhairleoir Sinsearach san Aonad um Beartas Pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach, DHLGH.*




**Fíor 15** | Topaicí Oiliúint na gComhaltaí Tofa 2023

## Acmhainní le haghaidh Comhaltaí Tofa

Agus é á aithint nárbh fhéidir le gach comhalta tofa freastal ar na himeachtaí oiliúna pleanála 'beo' ar líne nó ar an láthair, cuireadh na cuir i láthair agus na taifeadtaí físe ó gach imeacht oiliúna ar fáil ar shuíomh OPR. Uaslódáladh an t-ábhar seo chuig leathanach tiomanta do chomhaltaí tofa ar a bhfuil ábhair oiliúna ionas gur féidir le comhaltaí tofa a gcuid eolais a athnuachan agus a nuashonrú maidir le hábhair phleanála thráthúla, ar a gcaoithiúlacht.

## Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach

De réir na bhforálacha in Alt 31Q(1) (B) den Acht, tá sainordú ar OPR cláir oideachais agus oiliúna a chur ar bun le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach i dtaca le cúrsaí a mheasann OPR. Déantar an t-oideachas agus oiliúint seo i dtaca le cúrsaí a mheasann OPR a bheith ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil nó an tionóil réigiúnaigh, go háirithe i dtaca le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe.

Sa bhliain 2023, sheachaid OPR dhá imeacht oiliúna pleanála ar líne agus ceardlann oiliúna pleanála amháin ar an láthair, a dearadh go sonrach do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach.

Seachadadh an chéad imeacht i mí Eanáir, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Díríodh sa seimineár gréasáin dar teideal **Bainistíocht agus Pleanáil um Riosca Tuilte** ar:

- Treoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca Tuilte a Fhorfheidhmiú;
- Sonraí Tuile – Rochtain ar Shonraí, Úsáid Sonraí agus an Clár Athbhreithnithe ar Léarscáil Tuile; agus
- Foghlaim ó Mheastóireacht OPR ar Phleananna Reachtacha agus Treoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca Tuilte a Fhorfheidhmiú.

Seachadadh an dara himeacht oiliúna dar teideal **Pleanáil Spásúil Mhuirí** i mí Iúil i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA), DHLGH agus an Bord Pleanála. Rinneadh an oiliúint i gceardlann ar an láthair agus seachadadh í in Inis, Co. an Chláir.

Tugadh forbhreathnú ar an méid a leanas sna cuir i láthair:

- An Comhthéacs Beartais agus Rialála don Phleanáil Spásúil Mhuirí in Éirinn;
- Ról an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí (MARA);
- Feidhmeanna Pleanála i Limistéar an Gharchladaigh; agus
- Ról an Bhoird Pleanála i dToiliú sa Limistéar Muirí.

Seachadadh an tríú himeacht oiliúna dar teideal **Forfheidhmiú Pleanála i gCleachtas** ar líne i mí na Nollag, tar éis Nóta Cleachtais OPR a fhoilsiú ar an ábhar agus díríodh ar an méid a leanas:


- Forbhreathnú ar Nóta Cleachtais OPR PN05 – Forfheidhmiú Pleanála;
- Forfheidhmiú Pleanála – An Dearcadh Dlíthiúil; agus
- Eispéireas Údaráis Áitiúla ag Déileáil le Forfheidhmiú Pleanála.

**838**

Ball foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh **oiliúint in 2023**

**199**

D'fhreastail comhaltaí tofa d'údaráis áitiúla **ar dhá imeacht oiliúna go pearsanta in 2023**




**Fíor 16** | Topaicí Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2023

## Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha

I mí Eanáir 2023, d'fhoilsigh OPR, an CCMA agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA) Straitéis Foghlama agus Forbartha (Straitéis L&D) Earnáil Pleanála an Údaráis Áitiúil. Le himeacht na bliana, cuireadh obair ar aghaidh maidir le forfheidhmiú na moltaí atá sa Straitéis L&D.

Mar chuid den obair seo, bunaíodh Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála (PSTG) chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise L&D. Tá an PSTG comhdhéanta d'ionadaithe ó CCMA, LGMA, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), OPR agus Grúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG).

Tacóidh Speisialtóir Forbartha Earraí Teagaisc (analógach leis an bPleanálaí Feidhmeannach Sinsearach) agus Oifigeach Foirne Cúnta, a ceapadh go foirmiúil ag deireadh 2023, le PSTG.

## Ábhar Oideachais a Fhoilsiú d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus an Tionóil Réigiúnaigh agus Príomhpháirtithe Leasmhara Eile

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don Straitéis L&D, rinneadh suirbhé ar thart ar 1,600 pearsanra údaráis áitiúil agus ar an 949 ball tofa údaráis áitiúil, mar iarracht chun a riachtanais oiliúna agus a mbearnaí eolais a shainaithint. Bhí an ráta freagartha ar an suirbhé os cionn 50%. Chuidigh na torthaí ón suirbhé leis an Straitéis L&D a ullmhú.

Ar cheann de na príomh-shaincheisteanna a chuir freagróirí i dtábhacht ab ea an gá le rochtain a fháil ar eolas a bhaineann le cásdlí ábhartha comhshaoil agus pleanála. Mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna eolais seo, chuaigh OPR i ngleic le cleachtóirí dlíthiúla chun feasachán dlíthiúil a tháirgeadh ina bhfuil faisnéis maidir le fasaigh, cinntí cúirte, treochtaí tábhachtacha atá ag teacht chun cinn agus forbhreathnú ar chásanna suntasacha.

Mhaoirsigh an Grúpa Stiúrtha um Fheasachán Dlí Pleanála nuabhunaithe ar a bhfuil ainmnithe ó Choiste Dlí Comhshaoil agus Pleanála den Chumann Dlí, soláthraí seirbhísí dlí OPR Fieldfisher, OPR, an Bord Pleanála, agus CCMA forbairt an fheasacháin. Cuidíonn an Grúpa Stiúrtha chun cásanna ábhartha a roghnú le háireamh i ngach eagrán den fheasachán.

Foilsíodh an chéad eagrán den fheasachán dlí 'Learning from Litigation' i mí Mheán Fómhair 2023. Áiríodh achoimrí agus príomhthorthaí ar na cásanna a leanas san eagrán:

- Atlantic Diamond Limited v An Bord Pleanála [2021] IEHC 322;
- Clifford/O'Connor v An Bord Pleanála agus Comhairle Contae Chiarraí [2021] IEHC 459; agus
- Waltham Abbey Residents Association v An Bord Pleanála agus Pembroke Road Association v An Bord Pleanála agus Daoine Eile [2022] IESC 30.

Foilsíodh an dara heagrán den fheasachán i mí na Nollag 2023. Áiríodh achoimrí agus príomhthorthaí ar na cásanna a leanas san eagrán:

- Clane Community Council v An Bord Pleanála [2023] IEHC 467;
- Mannix Coyne agus Anne Coyne v An Bord Pleanála, Ireland agus an tArd-Aighne agus Enginenode Limited [2023] IEHC 412;
- Four Districts Woodland Habitat Group, BCM Residents Association v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne agus Romeville Developments Limited [2023] IEHC 335; agus
- Ironborn Real Estate Limited v Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin [2023] IEHC 477.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an feasachán ar bhonn ráithiúil.

## 4.2 Taighde

### An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta

Foráiltear in Alt 31Q(1) den Acht, gur ceann de phríomhfheidhmeanna OPR ná cláir oideachais agus oiliúna a chur ar bun le haghaidh chomhaltaí na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach agus le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach. Foráiltear in Alt 31Q(2) den Acht go ndéanfaidh OPR taighde ar chúrsaí a bhaineann lena fheidhmeanna mar aon le cúrsaí eile a iarrann an tAire air.

Faoi Chuid 31Q(3), chumasaigh an tAcht OPR le tabhairt faoi shocruithe le haon duine nó le haon ghníomhaireacht a mheasann OPR go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu tabhairt faoina ghníomhaíochtaí taighde, oideachais agus oiliúna.

Ar mhaithe le heolas a chur ar an taighde atá ann cheana, agus chun na riachtanais eolais, oiliúna agus feasachta poiblí is oiriúnaí do na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas pleanála a chinneadh, bhunaigh OPR an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta i ndeireadh na bliana 2019.

Feidhmíonn an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta mar choiste comhairleach le haghaidh OPR maidir le staid reatha an bhonn eolais maidir le cúrsaí pleanála práinneacha agus straitéiseacha agus maidir le bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Cuireann OPR rúnaíocht ar fáil don ghrúpa.

Áirítear sa Ghrúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta ionadaíocht ar son earnálacha an ardoideachais agus an taighde, ar son eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha, an phobail ghnó, rialtais áitiúil, na hearnála comhshaoil agus institiúidí pleanála a dhéanann ionadaíocht ar phleanálaithe gairmiúla atá gafa le hobair sna hearnálacha poiblí agus príobháideach araon. Chruinnigh an grúpa trí huaire sa bhliain 2023.

### Aschur Taighde OPR

Sa bhliain 2023, i dtreoir le Creat Taighde Pleanála OPR agus leis an gClár Taighde Pleanála Straitéisí (2023-2025), cuireadh tús le hobair ar roinnt tionscadail taighde sna snáitheanna seo a leanas:

**Snáithe a hAon – Saincheisteanna Pleanála**

**Snáithe a Dó – Cleachtas Pleanála**

**Snáithe a Trí – Feidhmíocht Pleanála**



# Snáithe a hAon

## Tionscadail Saincheisteanna Pleanála

Faoi Shnáithe a hAon (Saincheisteanna Pleanála) den Chlár Taighde d'aontaigh OPR agus DHLGH cómhaoiniú a dhéanamh ar thionscadal taighde nua UCD maidir le 'Dinimicí Tithíochta Tuaithe a Thuiscint'. Bhí sé i gceist go gcuirfeadh an taighde seo leis an athbhreithniú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta (NPF) atá á dhéanamh ag DHLGH. Tá an taighde seo comhsheasmhach freisin le rún OPR chun taighde a dhéanamh ar thithíocht tuaithe agus chun scrúdú a dhéanamh ar 'an scéal taobh thiar de na staitisticí'. Cuireadh obair suirbhé allamuigh i gcrích mar chuid den taighde seo sa dara ráithe. D'athbhreithnigh an Grúpa Stiúrtha réamhthuarascáil sa tríú ráithe.

Tugadh faoi obair bhreise freisin sa tríú ráithe ar fhíorú agus crostagairt sonraí leis an mBunachar Sonraí Náisiúnta um Iarratas Pleanála (NPAD) agus breithniú ar an Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS) ó Dhaonáireamh 2022. Cuireadh caibidlí breise leis an dréacht-tuarascáil chun na sonraí nua sin a chur san áireamh. Tá sé beartaithe go mbeidh an dréacht-tuarascáil nuashonraithe ar fáil lena hathbhreithniú ag an nGrúpa Stiúrtha sa chéad ráithe de 2024.

Sa bhliain 2023, lean OPR lena gcomhpháirtíocht taighde leis an Ionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach i dtaca leis an tionscadal taighde a théann i ngleic le 'InPLACE – Fiosrú ar Phleanáil, Déanamh Áiteanna agus Comaitéireacht'. Ba é an aidhm a bhí leis an taighde seo scrúdú a dhéanamh ar thionchar an timaistrithe amach ó na ceantair sna cás-staidéir ar chomaitéirí agus a bpobail.

Tacaíonn OPR, an LGMA, DHLGH, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chorcaí, Iontaobhas Tomar, an Roinn Bonneagar i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Iompair in Maryland SAM leis an tionscadal seo.

Cuireadh Céim 2 den obair thaighde i gcrích in 2023. Críochnaíodh suirbhéanna, agallaimh agus anailís beartais ar bhailte na gcás-staidéar sa chéim seo den obair. Suíonn OPR ar an nGrúpa Comhpháirtíochta Oibríochta don tionscadal. Tá foireann tionscadail ICLRD ag fanacht faoi láthair ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil deiridh faoi dheireadh na chéad ráithe de 2024.

Le linn 2023, ghlac OPR páirt i roinnt cruinnithe den choiste stiúrtha maidir le tionscadail taighde maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) mar seo a leanas:

- Sa chéad agus sa dara ráithe d'fhreastail OPR ar chruinnithe de chuid Choiste Stiúrtha an tionscadail taighde cómhaoinithe EPA-DAFM (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) dar teideal 'Léargas Difriúil a Chruthú ar an Tírdhreach mar Phríomhthopaic Timpeallachta trí Fhorbairt Uirlisí Úsáide um Measúnú Carachtar' nó 'Athfhrámáil'. Rinne OPR athbhreithniú freisin ar na dréacht-Uirlisí Úsáide um Measúnú Carachtar agus thug sé barúlacha don fhoireann tionscadail. Reáchtáil foireann an tionscadail ceardlann oiliúna píolótach i bPort Laoise i mí Mheán Fómhair. Foilseoidh EPA an tuarascáil taighde deiridh agus na huirlisí úsáide lena ngabhann go luath in 2024.
- In 2021, chuir EPA tús le tuarascáil a ullmhú dar teideal 'Measúnú ar an Athrú Aeráide in Éirinn' (ICCA). Ba é cuspóir

na tuarascála tuiscint a fhorbairt ar an athrú aeráide, a thionchair agus ar na roghanna atá ann i dtaca le dul i ngleic lena thionchair. Tá ceithre imleabhar sa tuarascáil. Shuigh OPR ar an gCoiste Stiúrtha i gcomhair Imleabhar 2 – Neodracht Aeráide a bhaint amach faoin mBliain 2050. Le linn 2023 rinne OPR athbhreithniú ar dhréachtaí d'imleabhar 2, thug siad barúlacha agus ghlac siad páirt i gcruinnithe/gceardlanna an Choiste Stiúrtha. Cuireadh tuarascáil ICCA i gcrích in 2023 agus foilseoidh EPA í sa chéad ráithe de 2024.

I dtreoir leis an gClár Taighde Pleanála Straitéisí, rinne OPR dul chun cinn ar obair ar thionscadal taighde gníomhachtaithe láithreáin athfhorbraíochta sa bhliain 2023. Tharla dian-rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le linn 2023 leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC), leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le foireann tionscadail Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) DHLGH. Cuireadh tús le dréachtú na tuarascála taighde agus foilseofar an tuarascáil deiridh mar Thuarascáil Sraith Taighde sa dara ráithe de 2024.

Ag deireadh an dara ráithe fuair OPR iarratas ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun taighde a dhéanamh ar na costais dlí a bhaineann le hathbhreithnithe breithiúnacha pleanála agus comhshaoil. Ba é cuspóir na tuarascála seo sintéis fianaise maidir le costais dlí in imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha maidir le cúrsaí comhshaoil a fhorbairt le bheith mar bhuntaca le hathruithe beartaithe leis na rialacha reatha ar chostais i ndlíthíocht chomhshaoil faoi alt 50B den Acht. Sa tríú ráithe, d'fhostaigh OPR soláthraithe seirbhíse dlí chun tabhairt faoin taighde seo.

Tugadh faoi obair mhór lena n-áirítear inter alia bailiú agus anailís sonraí ar threochtaí le himeacht ama, scrúdú ar shásraí costais cosanta ó shampla de dhlínsí ábhartha eile, etc. Cuireadh i gcrích agus cuireadh faoi bhráid an Aire an tuarascáil 'Costais Dlí in Athbhreithnithe Breithiúnacha Pleanála agus Comhshaoil' sa cheathrú ráithe. Foilseofar an tuarascáil in 2024.

Le linn an tríú ráithe, thacaigh OPR le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ina n-iarrachtaí chun maoiniú a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le haghaidh taighde pobail inbhuanaithe. Tá an taighde seo comhsheasmhach le hobair OPR chun pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus d'aontaigh OPR feidhmiú mar Chosantóir Tionchair Shochaíoch don tionscadal. Is é teideal an tionscadail 'Ról an Champais i bPobail Insiúlta agus Inchónaithe' nó 'CRAWL'. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i mí Mheán Fómhair agus déanfar dul chun cinn air in 2024.

Ar deireadh, sa dara ráithe de 2023 bhunaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tAire) Grúpa Stiúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal reatha táillí iníoctha le húdaráis phleanála i ndáil le hiarratais phleanála agus táillí pleanála ilchineálacha. Bhí an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta de bhaill foirne ó DHLGH, OPR agus ionadaithe ó earnáil an údaráis áitiúil. Chun tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha, d'iarr an tAire ar OPR taighde a dhéanamh ar na costais a bhaineann le riaradh an chórais pleanála áitiúil, leibhéil reatha aisghabhála costais agus chun comhthéacs na hÉireann a chur i gcomparáid le táillí agus tobhaigh phleanála i riaracháin eile. Cuireadh an taighde seo i gcrích sa cheathrú ráithe de 2023 agus cuirfear an tuarascáil 'Athbhreithniú ar Tháillí Pleanála' isteach chuig an Aire sa chéad ráithe de 2024.

# Snáithe a Dó

## Feidhmíocht Pleanála

I gcaitheamh na bliana 2023, lean OPR ag obair le EPA ar an tionscadal taighde cómhaoinithe a dhéileálann le 'Rannpháirtíocht an Phobail agus Critéir Feidhmíochta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta – An tSlí Chun Cinn i dtaca le Cleachtas a Chur Chun Cinn' nó an Tionscadal 'SEAWAY'. Is é mórsprioc an tionscadail ná rannpháirtíocht an phobail i Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) in Éirinn a fheabhsú agus creat measúnachta feidhmíochta SEA téagartha agus príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leis a chur ar fáil chun seiceálacha feidhmíochta a éascú le linn measúnuithe. Foilsíodh an dara nuachtlitir don tionscadal sa chéad ráithe.

Le linn an dara ráithe d'fhoilsigh an fhoireann tionscadail físeán maidir le rannpháirtíocht an phobail 'Abair Leat maidir leis an Measúnú ar an gComhshaol'. Seoladh an físeán i mí an Mheithimh ag an imeacht píolótach um rannpháirtíocht an phobail (maidir le Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan) le Comhairle Contae Lú. Reáchtáladh cruinnithe den Choiste Stiúrtha i mí Aibreáin agus mí na Nollag.

Tá an cruinniú deiridh den Choiste Stiúrtha sceidealta sa chéad ráithe de 2024 agus tá an tionscadal le bheith críochnaithe sa chéad/dara ráithe de 2024.

Sa chéad agus sa dara ráithe cuireadh obair ar aghaidh maidir le bailiú sonraí bonnlíne le bheith mar bhunús le hullmhú Pháipéir Chás-staidéir CSP07 agus CSP08 ina ndéileáiltear le 'Cairéil agus Plean Forbartha an Údaráis Áitiúil' agus 'Eitlíocht agus Plean Forbartha an Údaráis Áitiúil'. Leanfar leis an obair seo sa bhliain 2024.

Le linn an tríú ráithe thug EPA cuireadh do OPR a bheith mar chuid de Choiste Stiúrtha maidir le tionscadal taighde nua dar teideal 'Pro-Health'. Baineann an tionscadal seo le forbairt uirlisí úsáide chun sláinte an duine a bhreithniú i gcomhthéacs an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta do phleananna agus cláir. Scrúdófar cás-staidéir in Éirinn agus san Eoraip sa tionscadal seo. Le linn an cheathrú ráithe d'fhreastail OPR ar an dara cruinniú de Choiste Stiúrtha agus rannchuidigh siad le raon feidhme agus roghnú cás-staidéir an tionscadail.

# Snáithe a Trí

## Cleachtas Pleanála

In 2023, chuir OPR tús le hobair ar Nóta Cleachtais PN04 'Pleanáil maidir le Fás Fostaíochta: An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta'. Is é is aidhm leis an nóta cleachtais údaráis phleanála a chur ar an eolas maidir le teicnící is féidir a úsáid chun bunús fianaise láidir a chur ar fáil don chroístraitéis agus réasúnaíocht a chur ar fáil maidir le criosú talún chun críocha fostaíochta.

Tugadh faoi rannpháirtíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara le linn 2023 le húdaráis áitiúla, tionóil réigiúnacha, gníomhaireachtaí bonneagair (an tÚdarás Náisiúnta Iompair/Bonneagar Iompair Éireann (TII)/Uisce Éireann). Reáchtáladh seisiún fócais leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, DHLGH, Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann. Cuirfear i gcrích agus foilseofar an Nóta Cleachtais in 2024.

Sa bhliain 2023, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh OPR Nóta Cleachtais, PN05 'Forfheidhmiú Pleanála'. Tá sé mar aidhm leis seo forbhreathnú a thabhairt ar an gcaoi a gcuireann údaráis áitiúla reachtaíocht um fhorfheidhmiú pleanála i bhfeidhm agus chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna praiticiúla agus oibríochtúla lena mbaineann. Tá sé i gceist go dtabharfar tacaíocht sa nóta cleachtais do bhaill foirne nua nó do bhaill foirne a aistríodh ó rannóga eile chuig an rannóg forfheidhmithe pleanála in údarás áitiúil, chun bonnlíne tuisceana a thabhairt dóibh maidir leis an gcaoi a n-oibríonn réimeas forfheidhmithe pleanála. Seachadadh imeacht oiliúna nasctha leis an bhfoilseachán seo do bhaill foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach i mí na Nollag.




*Caren Gallagher (sa lár), Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail, OPR, ag bronnadh 'Gradam Taighde agus Nuálaíochta' ar an gcomhbhuaiteoir Comhairle Contae Átha Cliath Theas as 'Sonraí Láithreach – Cur Chuige Bhaile Átha Cliath Theas i leith Bainistíocht Ghníomhach Talún'.*

## Urraíocht OPR ar Ghradam Taighde agus Nuálaíochta Institiúid Pleanála na hÉireann

I mí Mheán Fómhair d'fhógair Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI) buaiteoirí a Gradam Pleanála 2023 ag dinnéar ceiliúrtha in Óstán Chaisleán Chluain Tarbh. Tá sé mar aidhm leis na gradaim aird a tharraingt ar nuálaíocht agus sármhaitheas i bpleanáil na hÉireann. Rinne OPR urraíocht ar an ngradam 'Taighde agus Nuálaíocht'.

Bronnadh an gradam ar na comhbhuaiteoirí: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), thar ceann na dtrí Thionól Réigiúnacha in Éirinn, as an bhFaireachán Forbartha Réigiúnach agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas as 'Sonraí Láithreach – Cur Chuige Átha Cliath Theas i leith Bainistíocht Ghníomhach Talún'.



*Ag bronnadh an Ghradam 'Taighde agus Nuálaíocht' ar an gcomhbhuaiteoir Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), thar ceann na dtrí Thionól Réigiúnacha in Éirinn, as an bhFaireachán Forbartha Réigiúnach ag Gradaim Phleanála IPI. Thar ceann OPR, tá Caren Gallagher, Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail sa ró láir, an ceathrú duine ó chlé.*




## 4.3 Feasacht an Phobail

### Sraith Bileog Pleanála

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh OPR i gcomhar le DHLGH, an tsraith bileog pleanála ar líne a bhfuil 15 bhileog eolais inti a dhéileálann le raon leathan saincheisteanna pleanála. I mí an Mheithimh 2023 foilsíodh bileog bhreise, Bileog Phleanála 16 dar teideal 'Forbairt Chónaithe Mhórscála'. Leagtar amach sa bhileog eolais seo a bhfuil i gceist leis an téarma Forbairt Chónaithe Mhórscála (LRD) agus an nós imeachta a bhaineann le hiarratas LRD a dhéanamh, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gcaoi a measfar an t-iarratas, an amlíne a bhaineann le cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas LRD, agus céim an achomhairc. Foilsíodh an bhileog (leagan Béarla agus Gaeilge) ar shuíomhanna gréasáin OPR agus DHLGH araon.

### Ag Éirí i do Phleanálaí

Tar éis an acmhainn 'Ag Éirí i do Phleanálaí' a sheoladh ar shuíomh gréasáin OPR in 2022 agus mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha le tuilleadh daoine a spreagadh chun smaoineamh ar ghairm sa phleanáil, rinneadh suirbhé in 2022 ar scoláirí dara leibhéal sa tsraith shinsearach. Sainaithníodh sa suirbhé na bealaí cumarsáide a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir lena roghanna tríú leibhéal. In 2023, chuir OPR plean cumarsáide le chéile ó phríomhthorthaí an tsuirbhé lena chinntiú go sroicheann iarrachtaí OPR chun pleanáil a chur chun cinn mar ghairm roghnach an sprioclucht spéise.

Sainaithníodh an suíomh gréasáin gairmthreorach, CareersPortal.ie, mar cheann de na príomhbhealaí cumarsáide laistigh den suirbhé. Cuireann an suíomh gréasáin seirbhís uathúil ar fáil do sprioclucht éisteachta OPR de scoláirí dara leibhéal, mic léinn tríú leibhéal agus céimithe, daoine a athraíonn gairm, foghlaimeoirí fásta, tuismitheoirí agus baill teaghlaigh agus gairmithe gairmthreorach.

Le linn 2023, d'oibrigh foireann OPR leis an bhfoireann ag CareersPortal.ie chun an tíl phleanála nua a fhorbairt agus a fhoilsiú a shuíonn laistigh de thrí cinn den 33 earnáil gairme suntasacha ar shuíomh gréasáin CareersPortal, is iad sin Foirgníocht, Ailtireacht agus Maoin; Riarachán Poiblí, Polaitíocht agus an tAontas Eorpach; agus An Domhan agus Comhshaol, Tá naisc sa teideal chuig taifeadadh na n-agallamh le pleanálaithe baile a bhfuil taithí acu, sonraí maidir le cúrsaí pleanála tríú leibhéal, deiseanna fostaíochta do phleanálaithe cáilithe agus aon fhaisnéis atá ábhartha do phleanáil baile a chur chun cinn mar ghairm.

In 2023, tharla rannpháirtíocht le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC) agus dhear agus d'fhoilsigh OPR fógra ina mbliainiris. Cuirtear an bhliainiris seo chuig na comhairleoirí gairmthreorach uile in Éirinn i mí Lúnasa gach bliain.

## Buail le Pleanálaí

Sa dara ráithe, dhear, d'fhorbair agus d'fhoilsigh OPR leathanach gréasáin nua 'Buail le Pleanálaí'.

Suíonn an leathanach gréasáin seo laistigh den acmhainn reatha 'Ag Éirí i do Phleanálaí' ar shuíomh gréasáin OPR agus tá próifílí ann de naonúr pleanálaithe a tháinig isteach san fhórsa saothair le déanaí nó atá ag obair sa chóras ar feadh tamall gairid.

Roghnaíodh na pleanálaithe tar éis comhairliúcháin le Ceannasaithe na Scoileanna Pleanála in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is é cuspóir na hacmhainne a thaispeáint do scoláirí dara leibhéal, céimithe agus daoine atá ag athrú gairme na bealaí agus spéiseanna éagsúla a chuirfidh iad i dtreo gairm i bpleanála agus an réimse leathan deiseanna poist atá ann.



*Buail le Pleanálaí: Thuas C-D: Michael Woods O'Rourke, Lauren Butler-Ryan, Dara Keane, Fiona Redmond. Thíos C-D: Rachel O'Callaghan, Shoaib Khan, Andrew Corcoran, Padraig O'Donoghue, Laura Hederman.*

**"Gairm iontach is ea an phleanáil. Má tá spéis ar bith agat sa chaoi a n-oibríonn ár saol a stiúradh, mholfainn do dhaoine dul leis an bpleanáil. Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le daoine a bhfuil scileanna éagsúla acu, mar sin má tá suim agat san eolaíocht nó tíreolaíocht, éiceolaíocht, bithéagsúlacht, uisce, iompar, dearadh uirbeach, ailtireacht, innealtóireacht, tá áit ann duit sa phleanáil. Tá réimse leathan deiseanna fostaíochta ar fáil ar fud na tíre..."**

**Olwyn James,**
Bainisteoir Pleanála Tionscadail,
Uisce Éireann


Aillte an Mhothair, Co. an Chláir

# 5 Gnóthaí Corparáideacha

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Straitéis agus Córais TFC
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine
- Ráitis Airgeadais



## 5.1 Rialachas

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. Agus a cuid feidhmeanna á chleachtadh aici tá OPR go huile agus go hiomlán neamhspleách agus tá sé freagrach don Oireachtas agus don Aire mar eagraíocht a mhaoinítear go poiblí. De réir mar a leagtar síos san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú ('an tAcht'), is struchtúr sealbhóir oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin, agus déanann feidhmeannach na heagraíochta riarachán ar a fheidhmiúlacht ó lá go lá.

### Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Bíonn an Rialaitheoir Pleanála agus ceithre stiúrthóir, a bhfuil duine acu mar Rialaitheoir Pleanála Tánaisteach, ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus cruinníonn siad go rialta faoi chlár seasta. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil le haghaidh athbhreithniú straitéiseach agus oibríochtúil rialta ar fheidhmiú na heagraíochta, lena n-áirítear measúnú riosca, bainistíocht airgeadais, faomhadh polasaithe agus bainistiú acmhainní.

### Cothromaíocht Inscne ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

De réir mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023, bhí triúr ban (60%) agus beirt fhear (40%) mar bhaill den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

Mar sin comhlíonann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sprioc an Rialtais i dtaobh íosmhéid 40% ionadaíochta le haghaidh gach inscne le haghaidh ballraíocht Ceannaireachta Comhlachtaí Stáit.

Tá cultúr nua a bhfuil luachanna á thiomáint á thógáil ag OPR, rud a bheidh ríthábhachtach i dtaobh cothromaíocht inscne a chaomhnú agus tacú leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn ina gcuid oibríochtaí.

### An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí

De bhun Alt 31N den Acht is struchtúr rialachais corparáide aonair/sealbhóra oifige atá ag OPR. Bíodh agus nach bhfuil OPR faoi shainordú coistí a bhunú a fheidhmíonn go caighdeánach mar choistí chuig boird neamhfheidhmiúcháin, ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht agus ar mhaithe leis an dea-chleachtas a leanúint, oibríonn OPR Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí de réir treorach a cuireadh ar fáil laistigh den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí maoirseacht a chur ar fáil agus tacú leis an Rialaitheoir Pleanála i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le rialúcháin bainteacha, rialachas corparáideach agus árachas bainteach. Chruinnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí ceithre huaire sa bhliain 2023.




*An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, ó chlé go deas: Caren Gallagher, Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail; Gary Ryan, an Stiúrthóir Athbhreithnithe Pleanála; Niall Cussen, an Rialaitheoir Pleanála; Joanna McBride, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha; Anne Marie O'Connor, an Leas-Rialaitheoir Pleanála agus an Stiúrthóir ar Mheastóireachtaí Pleananna*

**Tábla 9** | Sceideal na gCruinnithe a reáchtáil an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i gcaitheamh na bliana 2023

| Tinreamh | Dátaí na gCruinnithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 23-Fea-23 | 21-Mei-23 | 10-DF-23 | 7-Noll-23 |
| Lorraine O'Donoghue | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Breda Coss | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Paula Nyland | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Joanna McBride | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Enda Torsney | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

Is iad seo a leanas Comhaltaí an Choiste:

**Comhaltaí Seachtracha:**

**Lorraine O'Donoghue**
An Cathaoirleach

**Breda Coss**

**Paula Nyland**

**Comhaltaí Feidhmiúcháin:**

**Joanna McBride**
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

**Enda Torsney**
Stiúrthóir Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha

**Valerie Halpin**
Rúnaí an Choiste
*(go dtí Meitheamh 2023)*

**Rebecca Doran**
Rúnaí an Choiste
*(ó Mheitheamh 2023)*

## Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Formhaoirseachta

Ceann de phríomhriachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, ná gur cheart do Ranna agus do chomhlachtaí faoina scáth comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta a chur i bhfeidhm ar cheart dóibh a bheith mar chuid lárnach de chreat straitéiseach agus oibiachtúil na gníomhaireachta. Chuige sin, cuireadh comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta i bhfeidhm idir DHLGH agus OPR sa bhliain 2023. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an dá cháipéis.

Chun creat rialachais OPR a neartú tuilleadh, reáchtáladh cruinnithe idirchaidrimh rialta idir bainistíocht shinsearach DHLGH agus OPR chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí fheidhmíochta agus rialachais agus chun fóram a chur ar fáil le haghaidh plé rialta maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

## Bainistíocht Riosca

Tá an bhainistíocht riosca mar cheann de na príomhriachtanais chun dea-rialachas corparáideach agus freagrúlacht eagraíochtúil shofhreagrúil do rioscaí a chinntiú.

Tá an fhreagracht iomlán ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Rioscaí agus an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht agus inghlacthacht riosca na heagraíochta a chinneadh, agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár rioscaí i gcaitheamh na bliana.

Feidhmíonn OPR faoi chreat bainistithe rioscaí cuimsitheach, lena n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, clár rioscaí agus beartas bainistithe rioscaí. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcreat bainistíochta rioscaí, rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhrioscaí OPR, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leo.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm le pearsanra a bhfuil oiliúint chuí orthu a feidhmíonn i dtreoir le cairt scríofa. Cuireann anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil OPR soghonta dóibh bonn eolais faoina chuid oibre agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm go gcuimseodh na pleananna seo príomhrialuithe ar bhonn leanúnach. Rinne Cuntasóirí ASM roinnt iniúchóireachtaí inmheánacha sa bhliain 2023 agus bhí siad comhdhéanta de: iniúchóireacht ar chóras rialúcháin inmheánaigh OPR; bainistiú riosca; comhlíontacht AD; straitéis agus rialachas TFC; agus athbhreithniú leantach ar mholtaí na hiniúchóireachta inmheánaí a rinneadh i gcaitheamh na bliana 2022.


## Córas Rialúcháin Inmheánaigh

Cinntíonn OPR go gcaomhnaítear córas rialúcháin inmheánaigh éifeachtach agus go bhfeidhmítear é i gcónaí. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithniú OPR ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre. Tá an ardbhainistíocht laistigh de OPR freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialúcháin inmheánaigh. Rinne OPR athbhreithniú bliantúil ar na rialúcháin inmheánacha le haghaidh 2023.

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac OPR an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, chuige féin agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí OPR comhlíontach maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2023, seachas forálacha an Chóid i dtaca le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an bhoird.

Is amhlaidh an cás de bharr, de réir mar a leagtar síos san Acht, gur struchtúr sealbhóra oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin. Mar sin, mar aon lena dhualgais mar Bhord a chur i gcrích, comhlíonann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin chomh maith.



## 5.2 Ag leanúint ar aghaidh le Forbairt na hEagraíochta

Ina iarracht le bheith mar fhostóir is rogha, d'fhorbair OPR roinnt tionscnamh dár bhfostaithe agus i gcomhar leo. Ar cheann de na tionscnaimh sin a tugadh isteach in 2023 bhí Clár Folláine OPR, a thacaíonn le Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse. Cuireann an clár le tionscnaimh atá ann cheana, cosúil lenár mbeartais um oibriú cumaisc agus an ceart le dícheangal, agus muid ag tacú lenár ndaoine seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile.

### Ár bhFoireann a Thógáil

Tá 47 ball foirne lánaimseartha faofa ag OPR, lena n-áirítear an Rialaitheoir Pleanála. I gcaitheamh na bliana 2023, tugadh faoi roinnt feachtais earcaíochta ar mhaithe le leanúint ag líonadh na bpost folamh. Bhí 36 ball foirne ag OPR ar an 31 Nollaig 2023.

D'oibrigh an fhoireann iomlán lena chéile chun timpeallacht fháilteach a chruthú do na hearcaithe nua i gcaitheamh na bliana 2023.

Feidhmíonn OPR a chuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí go príomha, a baineadh amach in Aibreán na bliana 2019. Baineadh úsáid as painéil oscailte trí Sheirbhís na gCeapachán Poiblí chomh maith, nuair ba chuí.

Is státseirbhísigh de chuid an stáit iad baill foirne OPR agus faigheann siad luach saothair i dtreoir le beartais an Rialtais. Faigheann an Rialaitheoir Pleanála luach saothair ag grád státseirbhíse an Rúnaí Chúnta.

### Ár nÁitreabh

Tá ár gcuid oifigí lonnaithe i dTigh na Páirce, laistigh de champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin, atá mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí an Rialtais le haghaidh athbheochan an cheantair sin.

Cuireann comhshuíomh OPR ar champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sineirgí suntasacha ar fáil le réimse inniúlachtaí oideachais, oiliúna agus taighde trína Scoil um Thimpeallacht Thógtha. Tá sineirgí ar fáil chomh maith i dtaca le rochtain éasca agus cost-éifeachtúil ar áiseanna seomraí cruinnithe agus oiliúna.

### Straitéis agus Córais TFC

I gcaitheamh 2023, lean OPR ag baint leas as seirbhís Deisce Build-to-Share (BTS) arna chur ar fáil ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Cuireann seirbhís Deisce BTS seirbhísí TFC fíor-riachtanacha ar fáil a mbraitheann foireann OPR orthu chun a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhonn laethúil.

D'oibrigh OPR le OGCIO chun bogearraí cuntasaíochta nua a chur i bhfeidhm, a chuir feidhmiúlacht nua ar fáil agus a cheadaigh do nósanna imeachtaí agus próisis airgeadais reatha a bhreisiú. Trí na bogearraí sin a chur i bhfeidhm, lean OPR lena acmhainneachtaí a fhorbairt i gcomhréir le Straitéis Dhigiteach agus TFC na Seirbhíse Poiblí, 'Rialtas a Cheangal 2030', ina leagtar amach an cur chuige a spreagtar d'eagraíochtaí san Earnáil Phoiblí ailíniú leis, chun claochlú digiteach a thiomáint ar fud na hearnála poiblí.

Tá OPR tiomanta do chibearshlándáil a chothabháil chun ár sonraí agus ár gcórais a chosaint. Toisc go bhforbraíonn cibearbhagairtí go leanúnach, roinntear nótaí treorach leis an bhfoireann go rialta agus bíonn ar gach ball foirne oiliúint chibearshlándála a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Tá straitéis TFC i bhfeidhm, a leagann amach cuspóirí agus gníomhaíochtaí le haghaidh fheidhm TFC OPR go dtí 2026. Feidhmíonn an Straitéis seo mar bhunús don fhoireann TFC chun tacú leis an eagraíocht, agus ar deireadh, chun cabhrú leis na spriocanna i Ráiteas Straitéise OPR a bhaint amach.

## Beartais agus Nósanna Imeachta

Ó bunaíodh sinn, tá sraith beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a chuireann bunús tábhachtach ar fáil d'fheidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. Chomh maith leo seo, chuireamar beartais agus cóid de chuid na Státseirbhíse i bhfeidhm, lena n-áirítear Cóid Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse agus Dínit san Ionad Oibre.

I gcaitheamh na bliana, chun neartú leanúnach rialachais agus bonn feidhmíochta OPR a chinntiú, leanamar ag déanamh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais reatha agus ag cur beartais bhreise i bhfeidhm, amhail Plean Bainistíochta Géarchéime OPR, a seachadadh le linn 2023.

## An Cód Iompair agus Coimhlint Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn foireann OPR le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, nuair is cuí.

Chomh maith leis sin feidhmíonn Oifig an Rialaitheora Pleanála faoi Chód Iompair i dtaca le coimhlint leasa a bhainistiú, de bhun fhorálacha alt 31AL den Acht. Faoin gCód, cláraíonn gach ball foirne de OPR agus an Príomhfheidhmeannach a gcuid leasanna trí dhearbhú.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2023, chomhlíon OPR an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007.

Rinneadh ár n-iniúchadh sábháilteachta bliantúil, i gcomhar lenár saineolaithe seachtracha sláinte agus sábháilteachta. Tugadh Ráiteas Sábháilteachta OPR cothrom le dáta chun próisis nua a áireamh, lena n-áirítear nósanna imeachta éalaithe éigeandála agus measúnú riosca.

Rinneadh oiliúint sláinte agus sábháilteachta leantach le linn na bliana, agus róil breise garchabhrach agus maor dóiteáin á gceapadh chun a chinntiú go raibh go leor de na róil thiomnaithe seo i bhfeidhm chun freastal ar oibriú cumaisc.

Leanann an fhoireann uile ar aghaidh le hoiliúint stáisiúin oibre eirgeanamaíoch chun a chur ar a gcumas prionsabail na heirgeanamaíochta a chur i bhfeidhm ina dtimpeallacht bhaile agus oifige oibre. Bhí áthas ar OPR clár scagacháin sláinte tréimhsiúil deonach a thabhairt isteach don fhoireann.

## Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Is comhlacht poiblí é OPR i dtaobh cúrsaí a bhaineann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar aon le forálacha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, d'fhéadfaí faisnéis ar an gcomhshaol a lorg ó OPR faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol, 2007-2018.

Cuirtear sonraí maidir le gníomhaíochtaí sa bhliain 2023 ar fáil thíos agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin OPR chomh maith.[11, 12]

**Tábla 10** | Iarratais um Shaoráil Faisnéise/ Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol 2023

| | Saoráil Faisnéise | Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol |
|---|---|---|
| Bronnta | 2 | 0 |
| Bronnta i bpáirt | 5 | 1 |
| Tarraingthe siar | 3 | 0 |
| Aistrithe | 2 | 0 |
| Diúltaithe | 4 | 2 |
| **Iomlán** | **16** | **3** |

11 https://www.opr.ie/saorail-faisneise/?lang=ga

12 https://www.opr.ie/rochtain-ar-fhaisneis-maidir-leis-an-gcomhshaol/?lang=ga

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí

Tá OPR tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosanta Sonraí (RGCS), a chuaigh i bhfeidhm i mBealtaine na bliana 2018, agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018.

De réir mar a éilítear sa rialachán, tá Oifigeach Cosanta Sonraí tiomanta ag OPR. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú rialta ar na beartais um Chosaint Sonraí agus um Príobháideachas Sonraí. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne maidir le cosaint sonraí i gcaitheamh na bliana. Sa bhliain 2023 ní bhfuair OPR aon iarratas ar shonraí pearsanta agus ní raibh aon chás i dtaca le sárú sonraí pearsanta.

## An Ghaeilge

Chloígh OPR le halt 10A (Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí), Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ina n-éilítear go bhfoilsítear ar a laghad 20% d'fhógraíocht bhliantúil comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus go mbeidh 5% dá bhfógraíocht sna meáin Ghaeilge.

Ar mhaithe le cloí leis na dualgais a ndéantar breac-chuntas orthu in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá aistritheoirí seachtracha curtha ar conradh ag OPR chun a chinntiú go n-aistrítear agus go bhfoilsítear aon cháipéisíocht ábhartha, feachtais earcaíochta mar aon le roinnt den eolas ar ár suíomh gréasáin go tráthúil.

Tá leagan dátheangach ar ainm, lógó, stáiseanóireacht agus sínithe ríomhphoist OPR agus foilsítear gach foilseachán ábhartha amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise go dátheangach chomh maith.

Cloíonn OPR lena fhreagrachtaí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 chomh maith, i dtaca le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus ainmníodh ball foirne ar leith chun déileáil le haon cheisteanna ó bhéal a fhaightear i nGaeilge. Chuige seo, áirítear eolas ar an nGaeilge mar chritéar tábhachtach inár bhfeachtais earcaíochta.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuireann Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a bheith acu ar an ngá:

- Idirdhealú a dhíchur;
- Comhionannas i ndeiseanna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- Cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Aithníonn OPR go bhfuil reachtaíocht chomhionannais a chuimsíonn an naoi bhforas seo a leanas mar bhonn faoin dualgas:

- Inscne;
- Stádas sibhialta;
- Stádas teaghlaigh;
- Aois;
- Míchumas;
- Gnéaschlaonadh;
- Cine;
- Creideamh; agus
- A bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Is gá d'fhoireann uile OPR oiliúint a dhéanamh ar mhodúl ríomhfhoghlama Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, dar teideal Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Poiblí. Dearadh an modúl seo chun tacú le baill foirne laistigh de chomhlachtaí poiblí agus chun a chur ar a gcumas a ndualgais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Is fostóir comhdheiseanna í Oifig an Rialaitheora Pleanála agus feidhmíonn sí a cuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Bhí gach próiseas earcaíochta a rinneadh i gcaitheamh na bliana 2023 i gcomhréir dhlúth le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA), mar a deimhníodh san iniúchadh CPSA a rinneadh i rith 2023.

Tá OPR tiomanta do sheirbhísí a chur ar fáil ar shlí inrochtana, mar shampla, trí Oifigeach Rochtana a cheapadh chun feidhmiú mar phointe teagmhála le haghaidh daoine faoi mhíchumas ar mhaith leo rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí, trí shuíomh gréasáin inrochtana a chur ar fáil, trí ghnáth-theanga shimplí a úsáid inár gcuid cumarsáide agus trí fhotheidil agus teanga chomharthaíochta a úsáid inár bhfíseáin faisnéise.

Tá OPR tiomanta do dhínit agus meas a chosaint san eagraíocht tríd síos agus cuireadh i bhfeidhm an Beartas Dínite san Ionad Oibre, a d'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Foilsíodh Ráiteas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI) OPR ar ár suíomh gréasáin in 2023 agus bunaíodh grúpa EDI chun EDI a chur chun cinn agus a bhreisiú inár n-ionad oibre.

## Nochtuithe Cosanta

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag OPR i gcomhair nochtuithe cosanta a dhéanamh, faoi Bheartas Nochtuithe Cosanta, i dtreoir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). San nósanna imeachta seo leagtar amach go sonrach an próiseas inar féidir le fostaí de chuid OPR nochtadh cosanta a dhéanamh, an méid a tharlóidh nuair a dhéantar an nochtadh agus an méid a dhéanfaidh OPR chun an nochtadh a chosaint.

Tacaíonn an próiseas le tiomantas OPR i dtaca le suíomh oibre a chothú ina mbraitheann fostaithe compordach ábhair imní a chur in iúl i dtaca le héagóir fhéideartha laistigh de OPR agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil dóibh siúd a tharraingíonn ábhair imní anuas. Léiríonn an timpeallacht oibre seo croíluachanna OPR, go háirithe luachanna amhail ionracas, gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

Tá cainéal tuairiscithe seachtrach i bhfeidhm chun nochtuithe cosanta a dhéanamh leis an Rialaitheoir Pleanála a forordaíodh mar fhaighteoir nochtuithe cosanta i ndáil le feidhmeanna OPR faoi alt 31P den Acht.


Cathair Phort Láirge




*Gradam Mharc an Taistil níos Cliste, C-D Deborah King, Comhairleoir Sinsearach um Thaisteal Níos Cliste; Siobhán Hamilton Bainisteoir an Chláir um Thaisteal Níos Cliste; Joanna McBride, Stiúrthóir; Niall Cussen, an Rialaitheoir Pleanála; Valerie Halpin, Stiúrthóir Cúnta; Enda Torsney, Stiúrthóir Cúnta.*

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), tá sé de dhualgas ar OPR tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú ina sonraítear an líon nochtuithe cosanta a rinneadh i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an gníomh (má bhí gníomh ann) a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain.

Le linn 2023, ní bhfuair OPR aon tuairiscí trí chainéil tuairiscithe inmheánacha ná sheachtracha, ná níor tharchur duine forordaithe eile ná Coimisinéir na Nochtuithe Cosanta chuig OPR iad.

D'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí Treoir Reachtúil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, Seachadadh agus Athchóiriú NDP, in 2023 agus d'ionchorpraigh OPR inár nósanna imeachta é.

## Úsáid Fuinnimh 2023

Tuairiscíonn OPR go bliantúil chuig Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) i dtaca le tomhaltas fuinnimh agus sonraí lena mbaineann. Cloíonn OPR le Ciorclán 01/2020: Nósanna Imeacht chun na hAstaíochtaí a Bhaineann le Taisteal Aeir Oifigiúil a Sheach-chur (más ann dóibh).

Tá forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide i gcroílár ár gcuid feidhmeanna agus tá OPR tiomanta dár dtionchar ar an timpeallacht a laghdú a mhéid agus is féidir. Ghlac OPR an Sainordú Ghníomhú ar son na hAeráide go hoifigiúil, a éilíonn ar chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, agus ullmhaítear treochlár um ghníomhú ar son na haeráide go bliantúil.

Is é an digitiú a bhíonn mar chur chuige réamhshocraithe againn seachas próisis pháipéarbhunaithe. Is foirgneamh í oifig OPR ina bhfáiltítear roimh rothair le haghaidh fostaithe agus cuairteoirí. D'éirigh le OPR an gradam Marc an Taistil níos Cliste a bhaint amach in 2023 ó NTA. Aithnítear agus déantar ceiliúradh leis an ngradam ar eagraíochtaí a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus leanann OPR ag tacú lenár bhfoireann agus cuairteoirí chun tabhairt faoi thaisteal inbhuanaithe agus gníomhach.

Cuireadh oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht ar fáil le haghaidh na foirne ar fad sa bhliain 2023, lena n-áirítear oiliúint ceannaireachta aeráide le haghaidh na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Reáchtáladh ceardlanna rannpháirtíochta foirne faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus scéimeanna deontais SEAI. Ghlac OPR páirt i bhfeachtas éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais 'Laghdaigh d'Úsáid' i gcaitheamh na bliana 2023.

## 5.3 Faisnéis Airgeadais

Leithdháiltear buiséad OPR trí Vóta 34 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil, fo-cheannteideal D.5. Sa bhliain 2023, bhí €4,407,750 i mbuiséad OPR san iomlán.

Cuireann Banc Danske seirbhísí baincéireachta OPR ar fáil.

Ina chuid feidhmeanna, cinntíonn OPR luach ar airgead agus bainistíocht airgeadais stuama trí chloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus an AE agus rialacha bainistíochta airgeadais, mar aon le forálacha an Achta de réir mar a leagtar amach iad in alt 31AG a chinntíonn freagracht agus trédhearcacht.

### Ráitis Airgeadais

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais OPR, lena n-áirítear Ráitis maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Rialúcháin, de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais cuí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, de réir mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

Bíonn Ráitis Airgeadais OPR faoi réir iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar iniúchóireacht ar chuntais 2023 sa bhliain 2024. Nuair a dhearbhaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad, cuirfear na cuntais airgeadais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin OPR.

### Dlí Cánach

Chloígh OPR lena chuid dualgas faoin dlí cánach sa bhliain 2023.

### Soláthar

Tá OPR tiomanta do luach ar airgead a bhaint amach agus na próisis soláthair is éifeachtúla a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh OPR a Phlean Soláthair Chorparáidigh agus nuashonraítear go rialta é.

Mar chomhlacht poiblí, baineann OPR úsáid as creata agus conarthaí lárnacha a chuir an Oifig Soláthair Rialtais i bhfeidhm agus réimse earraí agus seirbhísí a mbíonn éileamh orthu go comónta á soláthar againn. Sa chás nach mbíonn creat ná conradh lárnach ar fáil, feidhmíonn OPR de réir Threoracha Soláthair an Aontais Eorpaigh (AE).



Tá Oifigeach Soláthair tiomanta ag OPR a oibríonn leis an bhfoireann chun dea-chleachtas a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí soláthair. Foilsítear tuairisc achoimre i dtaca leis na conarthaí poiblí a bhronnann OPR a bhfuil luach níos mó ná €25,000 orthu ar bhonn ráithiúil ar shuíomh gréasáin OPR.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Comhlíonann OPR forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997. Cinntíonn OPR go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil, i gcomhréir lenár mbeartais agus nósanna imeachta. Foilsíonn OPR a tuairiscí íocaíochtaí prasa ráithiúla ar a suíomh gréasáin.

### Fiosruithe de chuid Chomhaltaí an Oireachtais

Cuireann OPR seoladh ríomhphoist tiomanta, oireachtas@opr.ie, ar fáil le haghaidh chomhaltaí an Oireachtais a bhfuil eolas á lorg acu maidir le hobair Oifig an Rialaitheora Pleanála.


Fuarthas dhá fhiosrú fhoirmiúla ó chomhaltaí Oireachtais sa bhliain 2023

**2** 

**fhiosrú fhoirmiúla ó chomhaltaí de chuid an Oireachtais sa bhliain 2023**

Oifig an Rialaitheora Pleanála | Tuarascáil Bhliantúil 2023

# Faisnéis faoin bhFoireann




**Earcaithe in 2024. **Earcaíocht leanúnach*





Bá Bheanntraí, Co. Chorcaí

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**

Teach na Páirce,
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7,
D07 EWV4

opr.ie | info@opr.ie | 01 854 6700